# Inniúlachtaí Scoláire

# i Sraith Shinsearach Athfhorbartha

**Carol McGuinness**

**Ollscoil na Ríona, Béal Feirste**

**c.mcguinness@qub.ac.uk**

**Aibreán 2023**

**Clár an Ábhair** **Leathanach**

**1 Cuspóir, raon agus struchtúr na tuarascála** **3**

**2 Spriocanna foghlama níos leithne agus príomhinniúlachtaí** **6**

**2.1 Cad iad na spriocanna foghlama níos leithne?** **6**

**2.2 An gá atá le spriocanna foghlama níos leithne agus buntáistí féideartha** **6**

**2.3 Príomhinniúlachtaí: Soiléiriú ar chiall agus treonna nua** **10**

**2.4 An dúshlán maidir le dearadh curaclaim** **13**

**3 Cur chuige taighdethreoraithe i leith príomhinniúlachtaí** **14**

**3.1 Réamhthráchtanna** **16**

**3.2 Creat bunaithe ar thaighde príomhinniúlachtaí** **17**

**3.3 Rangú le haghaidh príomhinniúlachtaí** **19**

**4 Comparáid idir creata príomhinniúlachtaí: go hidirnáisiúnta agus i ndlínsí faoi leith**

**4.1 Creata idirnáisiúnta** **23**

**4.2 Creata i ndlínsí faoi leith** **28**

**4.3 Conclúidí ó na comparáidí** **35**

**5 I dtreo creat príomhinniúlachtaí don tSraith Shinsearach** **38**

**5.1 Príomhchonclúidí ón athbhreithniú go dtí seo** **38**

**5.2 Ailíniú le fís CNCM don tSraith Shinsearach** **41**

**5.3 Athbhreithniú agus athnuachan Chreat Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí** **43**

**5.4 Moltaí** **47**

**6 Leanúnachas agus dul chun cinn thar na céimeanna den oideachas** **49**

**7 Tátail agus tráchtanna deiridh** **60**

**Tagairtí** **65**

**Suíomhanna Gréasáin** **69**

# 1 Cuspóir agus struchtúr na tuarascála

Is é is cuspóir leis an tuarascáil seo ná athbhreithniú agus anailís thaighdethreoraithe a sholáthar ar na príomhcheisteanna ar gá do CNCM breithniú a dhéanamh orthu agus creat d'inniúlachtaí scoláire á fhorbairt acu le haghaidh Sraith Shinsearach athfhorbartha. Tá CNCM tar éis comhairliúchán forleathan a dhéanamh ar cheisteanna ginearálta a bhaineann leis an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach agus foilsíodh an cuspóir, an fhís agus na treoirphrionsabail in Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach - Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022). Tháinig fócas faoi leith chun cinn ón athbhreithniú sin i dtaca le tábhacht na forbartha **comhtháite** chun "cabhrú le gach scoláire a bheith níos saibhrithe, níos rannpháirtí agus níos inniúla agus é ag déanamh tuilleadh forbartha ar a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta ar bhealach comhtháite." (CNCM, 2022, lch. 20) Tá an taighde agus an tuarascáil reatha fréamhaithe sa chomhthéacs ginearálta seo.

Cuireadh na ceisteanna seo a leanas le go ndéanfaí breithniú orthu i dtreoracha taighde CNCM (ach ní go díreach san ord seo):

- De réir mar a shainaithnítear leis an litríocht taighde, cad iad na príomhdheiseanna agus na príomhdhúshláin a bhíonn ann nuair a úsáidtear creat inniúlachtaí chun an fhoghlaim a struchtúrú laistigh den churaclam? (Cuid 2)
- Cad iad na hinniúlachtaí uileghabhálacha a leagtar béim orthu sna céimeanna uachtaracha den iar-bhunoideachas i 6 ndlínse éagsúla, mar chomparadóirí d'Éirinn? (Cuid 4)
- Leanúnachas agus dul chun cinn: Conas is féidir, leis na hinniúlachtaí uileghabhálacha sa tsraith shinsearach, naisc bhríocha inbhraite a dhéanamh le creata curaclaim CNCM don bhunscoil agus don tsraith shóisearach agus lena fhoghlaim amach anseo? (Cuid 6)
- Cén sórt cuma a bheadh ar rangú taighdethreoraithe le haghaidh príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach? (Cuid 3 agus Cuid 5, mar aon leis an Aguisín)
- Ar cheart béim a leagan ar inniúlachtaí difriúla i gcláir, ábhair agus/nó modúil éagsúla sa tsraith shinsearach nó an féidir an creat inniúlachtaí uileghabhálacha céanna a úsáid, beag beann ar an teaglaim de chláir/ábhair/modúil atáthar a leanúint? (Cuid 3 agus ar fud codanna eile)

I dtaca le foinsí taighde, tarraingíonn an tuarascáil go príomha ar athbhreithnithe agus ar shintéisí taighde seachas sleachta as foinsí príomha a thabhairt. Tá tagairt ann do litríocht a bhaineann le staidéir shíceolaíochta, churaclaim agus beartas oideachais. Chun críche na hanailíse comparáide dlínse, thángthas ar fhaisnéis trí na suíomhanna gréasáin curaclaim náisiúnta/idirnáisiúnta (agus Google translate in úsáid nuair ba ghá) agus tríd an litríocht fhoilsithe bhainteach.

Túsphointe tábhachtach don obair seo ba ea saothar oibre den chineál céanna a coimisiúnaíodh roimhe seo ar chuir an t-údar i gcrích é do CNCM agus é bunaithe ar inniúlachtaí an 21ú haois i

gcuraclam bunscoile athfhorbartha (McGuinness, 2018). Cé gur ar an gcuraclam bunscoile a bhí an tuarascáil sin dírithe, bhí raon na tuarascála níos leithne, mar shampla, fiosraíodh an teanga/foclóir a úsáidtear i dtaca le hinniúlachtaí agus mar ba cheart é sin a struchtúrú. Ceapadh córas rangaithe le haghaidh príomhinniúlachtaí agus cuireadh anailísí comparáideacha i gcrích thar dhlínsí, agus an fócas ar chéim na bunscoile. Déanfar athbhreithniú ar chonclúidí ón tuarascáil sin lena n-ábharthacht do chéim oideachais faoi leith na Sraithe Sinsearaí a fhiosrú agus i bhfianaise taighde agus forbairtí atá tarlaithe ó tiomsaíodh agus ó athbhreithníodh an t-ábhar le haghaidh tuarascáil 2018. Mar gheall ar a mhinice a dhéantar tagairt don tuarascáil níos luaithe sin sa tuarascáil reatha, is é a thabharfar uirthi ná *Tuarascáil Bunscoile CNCM 2018*.

Ní mór cuimhneamh nach bhfuiltear ag tosú ó bhun leis an tSraith Shinsearach i dtaca leis an gceist ghinearálta churaclaim seo. Tá Creat Príomhscileanna ann cheana don tSraith Shinsearach (CNCM, 2009) agus aidhmeanna agus cuspóirí aige atá an-chosúil leo sin a bheadh in aon chreat inniúlachtaí scoláire don tSraith Shinsearach. Ceist thábhachtach don tuarascáil seo ná an méid is féidir an creat seo a athnuachan i bhfianaise forbairtí níos úire, an méid a bheidh sé in aitheanta go fóill ag múinteoirí agus scoileanna, ach é ag feidhmiú fós mar spreagadh cumhachtach don tSraith Shinsearach athfhorbartha.

Seo a leanas struchtúr na tuarascála:

Tá breac-chuntas i g**Cuid 2** ar an gciall atá le spriocanna níos leithne le haghaidh foghlaim an scoláire agus ar na buntáistí féideartha atá le gnóthú ach curaclam a struchtúrú sa treo seo. Tá tuairisc inti ar thionscnaimh lenar soiléiríodh an chiall atá le príomhinniúlachtaí agus an chéad spléachadh inti ar na treonna úra.

Sonraítear in athuair i g**Cuid 3** na conclúidí maidir le struchtúr na bpríomhinniúlachtaí agus a rangú ó *Thuarascáil Bunscoile CNCM 2018*, rud ar pointe tagartha é ar féidir na treonna nua a mheasúnú ina choinne.

I g**Cuid 4**, pléitear le comparáidí – nó déantar comparáid idir forbairtí i gcreata idirnáisiúnta agus comparáidí sainiúla le 6 dhlínse eile, a gcuirtear síos dóibh go bhfuil siad ábhartha do chomhthéacs na hÉireann agus ceachtanna ann le foghlaim uathu. Baintear tátal as na comparáidí agus moltar rangú ceithrethaobhach ar phríomhinniúlacht. Is ionann an rangú agus mionleasú ar an leagan a moladh i d*Tuarascáil Bunscoile CNCM 2018* agus tarraingíonn sé ar fhorbairtí níos úire agus ar thátail chaolchúiseacha ón obair chomparáideach.

I g**Cuid 5**, pléitear le moltaí níos sonraí don tSraith Shinsearach, ag tarraingt ar chuspóir, fís agus treoirphrionsabail CNCM don tSraith Shinsearach athfhorbartha mar aon le critíc ar Chreat reatha Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí. Tá moltaí ann i dtaca le bealaí ina bhféadfaí an Creat

Príomhinniúlachtaí a athnuachan le go mbeidh sé ag teacht leis an smaointeoireacht is úire a bhaineann le struchtúr na bpríomhinniúlachtaí.

Tá scrúdú ansin i g**Cuid 6** ar an ailíniú idir na moltaí le haghaidh Creat Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí agus creata bainteacha atá ann cheana le haghaidh céimeanna níos luaithe den oideachas, Aistear do na luathbhlianta, na Príomhinniúlachtaí do chéim na Bunscolaíochta agus Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí. Déantar réimsí leanúnachais agus réimsí neamhleanúnachais a shainaithint. Tá tráchtanna níos ginearálta ann i dtaca le coincheapa de dhul chun cinn scoláirí san fhoghlaim.

I g**Cuid 7**, tá tráchtanna agus pointí machnaimh deiridh.

**Tagairtí**

# 2 Spriocanna foghlama níos leithne agus príomhinniúlachtaí

## 2.1 Cad iad na spriocanna foghlama níos leithne?

Tá fairsingiú suntasach tagtha ar an mian spriocanna foghlama níos leithne a bheith ann don oideachas ag gach leibhéal, ó bhí tús an chéid ann. Cé gur "Scileanna 21ú hAois" a tugadh orthu an chéad lá, ós rud é go bhfuil an ceathrú cuid den chéad, nach mór, curtha isteach againn, tá cuma rud beag seanchaite ar an ainm sin cheana agus ainmneacha níos úire tar éis teacht chun cinn amhail Foghlaim don Todhchaí, Scileanna don Todhchaí, Domhain-Fhoghlaim agus mar sin de. Pé téarma a úsáidtear, luíonn fócas na spriocanna foghlama níos leithne seo ar fhoghlaim a théann lastall de theorainneacha traidisiúnta na n-ábhar scoile agus lastall den litearthacht agus den uimhearthacht go fiú, dhá rud a gcuirtear síos dóibh gur geata iad chuig foghlaim churaclaim. Tugtar ainmneacha éagsúla orthu amhail príomhscileanna, tras-scileanna, litearthachtaí nó inniúlachtaí úra (inniúlachtaí digiteacha nó ilmheán go háirithe), príomhinniúlachtaí nó cumais ghinearálta agus is iondúil go gcuimsíonn siad forbairt tréithe amhail smaointeoireacht chriticiúil agus cruthaitheach, comhoibriú agus oibriú foirne agus cumas an duine a chuid foghlama féin a bhainistiú. Beag beann ar na difríochtaí idir na téarmaí, díríonn siad go léir ar chineál foghlama a shíneann ar feadh an churaclaim arb é atá beartaithe léi, foghlaim an scoláire a fheabhsú – laistigh agus lasmuigh den scoil, san am i láthair agus amach anseo. Cuirtear síos dóibh, mar sin de, gur spreagthaí cumhachtacha foghlama iad. Is amhlaidh áfach go bhfuil níos mó i gceist le spriocanna foghlama níos leithne ná forbairt na réimsí foghlama pearsanta mar atá luaite thuas; cuimsíonn siad anois raon de réimsí trasdisciplíneacha agus idirdhisciplíneacha amhail oideachas don tsaoránacht, tuiscint idirchultúrtha, oideachas don inbhuanaitheacht agus dá réir, ag cuidiú le scoláirí an fhoghlaim a thrasnú i gcomhthéacsanna ilchineálacha casta. Sna codanna a leanas, feicfimid mar a chuirtear na spriocanna foghlama seo i bhfriotal i gcreata curaclaim foghlama náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

## 2.2 An gá atá le spriocanna foghlama níos leithne agus buntáistí féideartha

Táthar tar éis an gá atá le spriocanna foghlama níos leithne a chur in iúl ó roinnt peirspictíochtaí éagsúla, i dtaighde oideachasúil agus mar chuid de chomhráite curaclaim. Mar shampla, (1) is minic a léirítear míshásamh i dtaca le caighdeán foghlaim reatha scoláirí - nach bhfuil sí stóinsithe go leor lena cur i bhfeidhm lasmuigh de chomhthéacs na scoile agus sa saol níos leithne; (2) thabharfadh anailís ar dhúshláin reatha agus ar dhúshláin todhchaí an 21ú haois gur gá athmheasúnú a dhéanamh ar an méid a chaithfidh scoláirí a fhoghlaim ar scoil; agus (3) an tuiscint ar a thábhachtaí atá tréithe neamhchognaíocha an duine (go bunúsach, tréithe eile seachas inniúlacht intleachtach) mar tháscairí

ar ghnóthachtáil scoile agus torthaí tráth níos faide anonn sa saol. Déanfar na pointí seo a fhorbairt beagáinín sna paragraif thíos.

**Is minic a cháintear leibhéal foghlama scoláirí toisc nach bhfuil sé 'domhain' go leor.** Seo a leanas an cineál argóna a dhéantar. Cé go bhféadfadh sé tuiscint an scoláire a bheith leorga chun pas a fháil sna scrúduithe, níl sí stóinsithe go leor lena cur i bhfeidhm lasmuigh de chomhthéacs na scoile inar sealbhaíodh í. Is é a áitítear go bhfuil tuiscint an scoláire leochaileach neamhleanúnach, agus í déanta de choincheapa scartha atá róshainiúil agus gan ginearáltacht leorga inti. Féadann scoláirí an bealach le fadhbanna a réiteach a fhoghlaim, nuair a chuirtear ina láthair iad ar bhealach sothuartha ach ní nuair a chastar orthu iad i dtimpeallachtaí fíorshaoil míshlachtmhara nach bhfuil chomh sothuartha céanna (m.sh., Perkins, 2014). Ar an téad chéanna leis an bpointe seo, tá an tátal a bhain Smith et al., (2019) as beart comhairliúcháin i dtaca leis an athbhreithniú reatha atá idir lámha ar an tSraith Shinsearach. Tugann aiseolas ó mhúinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí le fios gurb é a d'eascródh as an ngá a bhíonn leis an 'gcúrsa a chríochnú' ná fócas ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair agus fócas laghdaithe ar smaointeoireacht ardoird agus forbairt scileanna níos leithne. Ar a bharr sin, léiríonn taighde a rinneadh le déanaí ar ualach cognaíoch na gceisteanna scrúdaithe san Ardteistiméireacht (diomaite den Bhéarla) arís eile nach bhfuil dúshlán cognaíoch leorga ann agus go luíonn an fócas ar an gcuimhne agus ar an bhfoghlaim ghnásúil (Burns et al., 2018).

Aithnítear sna páipéir chomhaimseartha thaighde ar nádúr na foghlama éifeachtaí go mbíonn níos mó i gceist ná dul siar ar 'ábhar ar gá cuimhneamh air' le go mbeifear in ann é a atáirgeadh ina dhiaidh sin nó go fiú chun críche tuiscint mhaith. Rud ilsrathach is ea an fhoghlaim éifeachtach nó an fhoghlaim dhomhain. Agus é ag tarraingt ar chorpas fairsing taighde, shainaithin De Corte na príomh-chomhábhair a bhaineann leis an rud a dtugann seisean inniúlacht oiriúnaitheach air – "an cumas eolas agus scileanna a sealbhaíodh trí fhoghlaim bhríoch a chur i bhfeidhm ar bhonn solúbtha cruthaitheach i gcásanna nua" (De Corte, 2010, lch. 47) - an méid a bhíonn le tuiscint ó aistriú foghlama, de ghnáth. Is é a bhíonn i gceist le hinniúlacht oiriúnaitheach a shealbhú ná i bhfad níos mó a fhoghlaim ná mar a bheifí ag súil leis i dtaca le h**eolas ábhair agus scileanna ábhair dea-fhoghlamtha.** Ciallaíonn sé freisin go n-éiríonn foghlaimeoirí breá cleachta le tacar de rudaí a dtugtar **heorastaic nó pleananna agus straitéisí smaointeoireachta a úsáid.** Cé gur féidir go bhfaighfí taithí orthu seo agus go bhfoghlaimeofaí iad an chéad lá i gcomhthéacsanna faoi leith, tá an acmhainneacht ann go bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm ar bhonn níos ginearálta i gcomhthéacsanna éagsúla, rud a mhíníonn a luach heorastúil nó aistritheach. Aithnítear leis na príomh-chomhábhair eile a shainaithin De Corte an tábhacht atá le foirmeacha níos úire d'fhoghlaim - **eolas ar an gcaoi le foghlaim a dhéanamh, agus ar an gcaoi le tú féin a eagrú agus a bhainistiú mar fhoghlaimeoir**, agus **braistintí dearfacha fút féin mar fhoghlaimeoir** agus faoin ábhar atá le foghlaim agat mar thacaíocht agat. Cruthaíonn comhtháthú

dinimiciúil na gcomhábhar seo inniúlacht oiriúnaitheach, dar leis an dearcadh seo. Go háirithe, leagann coincheap na hinniúlachta oiriúnaithí béim **ar ról an fhoghlaimeora mar ghníomhaire ina fhoghlaim féin** (m.sh. eolach ar an bhfoghlaim, is féidir eolas a thiomsú agus é a úsáid ar bhonn solúbtha) seachas mar fhaighteoir éighníomhach d'eolas a bhí ann cheana. Tá ceangal díreach idir an íomhá den fhoghlaim agus an cineál foghlama a shamhlaítear trí fhorbairt na bpríomhinniúlachtaí. Mar sin, is suntasach na buntáistí féideartha do chaighdeán na foghlama scoláirí atá le gnóthú trí ghlacadh le príomhinniúlachtaí.

Mar aon le míshásamh a léiriú faoi chaighdeán na foghlama reatha i measc scoláirí, is é atá tar éis eascairt as anailísí ar dhúshláin an 21ú haois ná **athmheasúnú ar an méid a chaithfidh scoláirí a fhoghlaim ar scoil chun tacú leo sa saol atá ann faoi láthair agus chun iad a ullmhú le haghaidh saol amach anseo nach bhfuilimid chomh cinnte céanna faoi**. I dtuarascáil ECFE, *The Future of Education and Skills: Education 2030* (ECFE, 2018), tá achoimre ar na dúshláin faoi cheannteidil éagsúla – comhshaol (lena n-áirítear athrú aeráide, ídiú na n-acmhainní nádúrtha agus dúshlán na hinbhuanaitheachta); eacnamaíoch (lena n-áirítear nuálaíocht san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, bithéagsúlacht, intleacht shaorga, idirspleáchais airgeadais as a n-eascróidh taithí ar rioscaí agus géarchéimeanna nach mbeadh súil leo); sóisialta (lena n-áirítear fás daonra, gorta domhanda, imirce, uirbiú, ilchineálacht chultúrtha, neamhionannais as a n-eascrófaí coimhlintí, caillteanas muiníne as institiúidí traidisiúnta). **Is minic a chuirtear síos do na dúshláin seo mar 'fhadhbanna mallaithe'**, ní hamháin mar go bhfuil siad deacair a fhuascailt ach toisc go bhféadfadh sé nach mbeadh réitigh optamacha orthu, mar gheall ar na hidirspleáchais idir cúiseanna agus iarmhairtí, iad a bheith ag trasnú réimsí iolracha eolais, agus an leibhéal ginearálta castachta a bhaineann leo. Ní hamháin go bhfuil siad deacair a réiteach, tá siad go fiú deacair a choincheapú agus, meastar, dá réir, iad a bheith níos doláimhsithe trí chuir chuige fadhbfhuascailte níos traidisiúnta. Le scoláirí a oiliúint chun na dúshláin seo a thuiscint agus a láimhseáil, áitítear go mbeadh gá le h**aistriú suntasach i dtreo cineálacha difriúla de chuir chuige fadhbfhuascailte, níos mó úsáide a bhaint as cuir chuige chruthaitheacha úra, cumas a bheith ag plé leis an gcastacht, caoinfhulaingt ar an débhríocht, cumas a bheith ag plé le contrárthachtaí, mar aon le teacht aniar tar éis díomá agus bacainní.**

Le freagairt do na dúshláin shóisialta, ó thaobh chearta an duine agus an cheartais shóisialta de, beidh ar dhaoine óga an dóigh **le bheith rannpháirteach agus cur leis an gcinnteoireacht** a fhoghlaim, ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Áitíonn lucht teoirice ceartais shóisialta, ní hamháin go bhfuil sé de cheart ag daoine óga a bheith rannpháirteach i gcúrsaí polaitíochta ach go bhfuil na 'hinniúlachtaí' de dhíth orthu freisin chun na cearta sin a chur i bhfeidhm (m.sh., Nussbaum, 2000), agus go bhfuil an t-oideachas lárnach i dtaca lena bhforbairt.

I dtaca le dearcadh oideachasúil níos turgnamhaí, tá achoimre déanta in athbhreithnithe taighde a rinneadh le déanaí ar an mbonn fianaise maidir le **tionchar na gcineálacha níos leithne foghlama seo ar tháscairí traidisiúnta de ghnóthachtáil scoile agus torthaí tráth níos faide anonn sa saol**. Cé gur dhírigh taighde roimhe seo ar an gcumas intleachtach mar an táscaire is fearr de ghnóthachtáil scoile, tá anailís agus sintéisiú déanta in athbhreithnithe níos deireanaí ar thionchar na mbuanna agus na dtréithe pearsanta eile. Mar shampla, rinne Rosen et al (2010) sintéisiú ar an méid atá ar eolas againn faoi láthair faoi chumhacht thuarthach na "scileanna neamhchognaíocha" (go bunúsach, tréithe pearsanta seachas intleacht) agus shainaithin siad an spreagadh intreach agus an fhéinéifeachtúlacht (rudaí a chreideann tú fút féin) mar nithe a bhféadfaí feidhmiúlacht i dtaca le gráid agus teisteanna scoile a thuar leo. I staidéar fadaimseartha a lean déagóirí ó aois 15 bliana go dtí gur fhás siad ina ndaoine fásta, thuairiscigh Dauber (2007) ar thábhacht an spreagtha agus na féinrialála i dtaca le gnóthachtáil scoile agus le rathúlacht tráth níos faide anonn sa saol. Agus iad ag baint tátal as athbhreithniú ar athbhreithnithe ar thionchar pearsantachta agus tosca neamhchognaíocha eile ar ghnóthachtáil scoile, dhírigh Pellegrino & Hilton (2012) aird ar fhianaise shuntasach den tionchar dearfach a imríonn dúthracht (tú a bheith eagraithe i rith ama, agus freagrach díograiseach dícheallach) agus an tionchar diúltach a imríonn iompraíocht fhrithshóisialta ar ghnóthachtáil scoile agus torthaí fostaíochta. Ar a bharr sin, bíonn tionchar neamhdhíreach ag go leor de na tosca seo ar thorthaí scoile trína n-impleachtaí i dtaca le tinreamh scoile, gnáthaimh staidéir agus rannpháirtíocht ghinearálta i ngníomhaíochtaí scoile.

Ba iad na patrúin thuasluaite a spreag ECFE lena gcéad suirbhé a dhéanamh ar scileanna sóisialta agus mothúchánacha, *Beyond Academic Learning* (ECFE, 2021), agus an bhaint atá acu le gnóthachtáil scoile agus folláine shíceolaíoch scoláirí. Rinneadh suirbhé ar dhá aoisghrúpa, scoláirí 10 mbliana d'aois agus 15 bliana d'aois i 10 gcathair agus 9 dtír. D'eascair patrún fíorspéisiúil agus casta torthaí as an suirbhé. Mar shampla, tháinig titim bheag sna scileanna sóisialta agus mothúchánacha a tuairiscíodh de réir mar a d'fhás scoláirí isteach sna déaga agus lucht 15 bliana d'aois ag tuairisciú scileanna ab ísle ná lucht 10 mbliana d'aois. Go sonrach, bhí titim ann ar leibhéal cruthaitheachta agus fiosracht na scoláirí, agus thacaigh dearcadh na dtuismitheoirí agus na múinteoirí leis seo freisin. Bhí an patrún a bhain leis an ngaol idir gráid scoile agus scileanna sóisialta agus mothúchánacha measctha, agus gaol dearfach idir roinnt scileanna, dianseasmhacht agus fiosracht agus torthaí scoile ach gaol diúltach idir iad agus scileanna eile amhail frithsheasmhacht struis, cruthaitheacht agus caidreamhacht. Cé gur gá na patrúin seo a léirmhíniú go cúramach i gcomhthéacs na dtimpeallachtaí agus na gcóras éagsúil scoile, níl aon amhras ann ach go ndearbhaíonn siad go bhfuil tábhacht ag baint le scileanna sóisialta agus mothúchánacha i dtaca le foghlaim scoláirí agus a bhfolláine ar scoil. Is minice anois a aithnítear gur sprioc thábhachtach foghlama níos leithne don oideachas atá san fholláine – idir fholláine aonair

agus fholláine chomhchoiteann (féach an áit lárnach atá aici in Learning Compass ECFE (2018) agus sna páipéir oibre agus athbhreithnithe litríochta éagsúla de chuid ECFE ar an bhfolláine mhothúchánach i measc páistí agus déagóirí (Choi, 2018) agus ar an tsláinte fhisiceach agus folláine (Ashton, 2018)).

Is amhlaidh, rud a léiríonn na treochtaí seo, go bhfuil **údaráis náisiúnta churaclaim** i roinnt mhaith tíortha tar éis tosú ar a gcuimsiú in athbhreithnithe curaclaim agus pleananna forfheidhmithe, mar aon le forbairt ghairmiúil agus oiliúint múinteoirí. Tá **rannpháirteachas fairsing ann freisin leis na ceisteanna ag an leibhéal idirnáisiúnta**. Déanfar tuairisciú ar chomparáidí idir forbairtí i ndlínsí eile agus creata idirnáisiúnta i gCuid 4 den tuarascáil seo.

## 2.3. Príomhinniúlachtaí: Soiléiriú ar chiall agus treonna nua

Bhí an t-athrú sa téarmaíocht ó scileanna go dtí príomhinniúlachtaí sonrach go maith i gcomhphlé Eorpach, agus tionchar ann ó Eochair-inniúlachtaí an Choimisiúin Eorpaigh don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil (is díol suntais é gur *Competences* seachas *Competencies* atá in úsáid sa leagan Béarla), a ndearnadh é a athbhreithniú le déanaí agus a fhorbairt ó leagan níos luaithe a eisíodh in 2006 (Coimisiún Eorpach, 2019), tionscadal DeSeCo (Definition and Selection of Competencies) ECFE (Rychen & Salganik, 2003, Achoimre Fheidhmeach DeSeCo, 2005), agus, níos déanaí, Learning Compass Framework ECFE, rud atá lárnach dá gcuid oibre i dtaca le The Future of Education and Skills: Education 2030 (ECFE, 2018). Léiriú eile ar an bhfócas Eorpach ar phríomhinniúlachtaí is ea an suirbhé a rinneadh le gairid ar phríomhinniúlachtaí san oideachas scoile san Eoraip agus ar threoirlínte beartais ghaolmhara (Looney et al, 2022, don Choimisiún Eorpach).

I gcomparáid le húsáid na téarmaíochta scileanna, aithnítear go follasach leis an aistriú go hinniúlacht **ról agus tábhacht an eolais** i dtaca leis na cineálacha foghlama níos leithne seo a fhorbairt. Rinneadh curaclaim scilbhunaithe (mar a thugtar orthu) a cháineadh roimhe seo mar gheall ar thearcionadaíocht an eolais agus an baol nach mbeadh meas leorga ar an eolas céanna iontu (m.sh. Priestly & Minty, 2013). De bhreis air sin, leathnaíonn an cur chuige inniúlachta an coincheap chun, **ní hamháin na scileanna** a chuimsiú (an cumas rud éigin a dhéanamh le hinniúlacht éigin) ach le **réimse níos leithne de thréithe pearsanta amhail meonta, dearcthaí, tuairimí agus luachanna** a chuimsiú freisin, ag aithint nach leor go mbeifí an ann feidhmiú go sciliúil agus gur gá an duine a spreagadh le go ndéanfadh sé amhlaidh ar bhonn comhleanúnach agus é feasach ar na comhthéacsanna ina mbeadh sé oiriúnach é sin a dhéanamh mar atá leagtha amach i d*Tuarascáil Bunscoile CNCM 2018* (lgh. 9-10).

Is féidir gurb ionann páipéar seasaimh DeSeCo ECFE agus an seasamh teoiriciúil is faide chun cinn dá bhfuil ann agus tá sé tar éis tionchar a imirt ar réimse d'fhorbairtí éagsúla curaclaim, ar bhonn

náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ba é fócas an tionscadail sin, daoine óga a ullmhú le haghaidh saol rathúil i sochaí dhea-fheidhmiúil. Ó thaobh an oideachais de, díríodh ar dhaoine óga a chumasú chun *gníomhú* – cinntí a dhéanamh, fadhbanna a fhuascailt – mar aon le bheith ag foghlaim go maith. De réir an dearcaidh seo, cuimsíonn inniúlacht – réamheolas a bhaineann leis an gcomhthéacs, scileanna cognaíocha, scileanna praiticiúla, scileanna sóisialta, mothúcháin, meonta, luachanna – agus iad comhordaithe lena chur ar chumas an duine gníomhú i dtaca le riachtanas faoi leith.

> *" - baineann níos mó le hinniúlacht ná eolas agus scileanna amháin. Cuimsíonn sí an cumas freastal ar riachtanais chasta trí tharraingt ar agus leas a bhaint as acmhainní síceasóisialta (lena n-áirítear scileanna agus meonta) i gcomhthéacs faoi leith. Mar shampla, is inniúlacht é an cumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh a tharraingeodh, b'fhéidir, ar eolas an duine ar theanga, scileanna praiticiúla TF agus meonta i leith na ndaoine sin lena mbeadh an duine i mbun cumarsáide" (DeSeCo ECFE, Achoimre Fheidhmeach, 2005, lch. 4).*

Laistigh den sainmhíniú seo, is mó an bhéim atá ar an méid a dhéantar leis an eolas seachas ar shealbhú an eolais féin. Tá creat DeSeCo tar éis an-tionchar a bheith aige, go háirithe i gcás chur chuige curaclaim na Nua-Shéalainne i leith na bpríomhinniúlachtaí (Hipkins et al., 2014)

San athbhreithniú a rinne an Coimisiún Eorpach ar a gCreat d'Eochair-inniúlachtaí don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil, **tá sainmhíniú soiléir ar inniúlachtaí ó thaobh eolais, scileanna agus meonta de.** Tá cur síos ar gach ceann de na hocht n-inniúlacht (litríochta, ilteangach, matamaitice/eolaíochta, digiteach, pearsanta/sóisialta/foghlaim le foghlaim, saoránachta, fiontraíochta, léiriú agus feasacht chultúrtha) faoi gach ceannteideal. Mar shampla, tá cur síos i dTábla 1 ar nithe a meastar iad a bheith ina n-eolas, scileanna agus meonta riachtanacha don phríomhinniúlacht de phearsanta/sóisialta/foghlaim le foghlaim. Tabhair faoi deara go bhfuil an bhéim sa sampla seo ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus ní ar an bhfoghlaim scoile amháin.

**Tábla 1 Príomhinniúlacht Shamplach: Pearsanta, Sóisialta agus Foghlaim le foghlaim**

**(ó na hEochair-Inniúlachtaí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil, an Coimisiún Eorpach, 2019)**

| **Eolas**<br><br>**Cuimsíonn eolas na coincheapa, fíricí agus figiúirí, smaointe agus teoiricí atá bunaithe cheana, agus a thacaíonn leis an tuiscint ar réimse nó ábhar faoi leith** | **SCILEANNA**<br><br>**Is é an sainmhíniú atá ar scileanna, an cumas próisis a chur i gcrích agus an t-eolas atá ann cheana a úsáid chun torthaí a bhaint amach** | **Meonta**<br><br>**Cuireann meonta síos ar an meon agus dearcadh a bhíonn ag teastáil chun gníomhú nó freagairt do *smaointe agus cásanna*** |
|---|---|---|
| Le go mbeidh caidrimh idirphearsanta rathúla agus rannpháirtíocht ann, tá | Ar na scileanna, tá an cumas do chuid cumas féin a shainaithint, fócas, | Tá an inniúlacht bunaithe ar dhearcadh dearfach i leith d'fholláine |

| | | |
|---|---|---|
| sé éigeantach go dtuigfí na cóid iompair agus na rialacha cumarsáide a bhfuil glacadh ginearálta leo i sochaithe nó timpeallachtaí éagsúla. Éilíonn an inniúlacht phearsanta, sóisialta agus foghlaim le foghlaim eolas ar shláinte, intinn, corp agus stíl mhaireachtála. Cuimsíonn sé eolas a bheith agat ar na straitéisí foghlama is fearr leat, eolas ar do chuid riachtanas i dtaca le forbairt inniúlachtaí agus ar bhealaí éagsúla chun inniúlachtaí a fhorbairt agus chun na deiseanna agus treoir nó tacaíocht oideachais, oiliúna agus gairme atá ar fáil a chuardach. | bheith ag plé le castacht, machnamh criticiúil a dhéanamh agus cinntí a dhéanamh. Áirítear anseo an cumas bheith ag foghlaim agus ag oibriú ar bhonn comhoibritheach agus go neamhspleách agus chun do chuid foghlama a eagrú agus cloí léi, meastóireacht a dhéanamh uirthi agus í a chomhroinnt, tacaíocht a lorg nuair is cuí agus bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar do ghairmréim agus ar do chuid idirghníomhuithe sóisialta. Ba cheart teacht aniar a bheith i ndaoine agus ba cheart dóibh a bheith in ann déileáil le héiginnteacht agus strus. Ba cheart iad a bheith in ann cumarsáid dhearfach a dhéanamh i dtimpeallachtaí éagsúla, comhoibriú a dhéanamh mar chuid d'fhoireann agus idirbheartaíocht a dhéanamh. Cuimsíonn sé seo caoinfhulaingt a léiriú, dearcthaí éagsúla a chur in iúl agus a thuiscint, mar aon leis an gcumas muinín a chothú agus comhbhá a léiriú. | phearsanta, shóisialta agus fhisiceach féin agus ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil. Tá sí bunaithe ar mheon comhoibritheach treallúsach ionraic. Cuimsíonn sé seo meas a léiriú ar éagsúlacht daoine eile agus ar a riachtanais agus tú a bheith réidh le réamhchlaonadh a shárú agus le comhghéilleadh a dhéanamh. Ba cheart go mbeadh daoine in ann spriocanna a shainaithint agus a shocrú, iad féin a spreagadh, agus teacht aniar agus muinín a fhorbairt chun tabhairt faoin bhfoghlaim agus rathúlacht a bhaint amach inti ar feadh a saoil. Tacaíonn meon fadhbfhuascailte leis an bpróiseas foghlama agus le cumas an duine bacainní agus athruithe a láimhseáil. Cuimsíonn sé an fonn chun leas a bhaint as réamhfhoghlaim agus taithí saoil agus an fhiosracht chun deiseanna foghlama agus forbartha a lorg in éagsúlacht do chomhthéacsanna saoil. |

Sa tionscnamh is déanaí de chuid ECFE i dtaca le hinniúlacht, glacadh leis an smaoineamh mar chuid de chur chuige foghlama níos leithne a dtugtar an Learning Compass (Compás Foghlama) 2030 air (ECFE, 2019). Is mian leis na húdair a chur in iúl nach curaclam ná nach creat measúnaithe é seo ach gur cur chuige níos ginearálta é i leith na foghlama lena bhféadfaí forbairt churaclaim a threorú i gcomhthéacs áirithe. Is fiú a lua gur grúpa idirnáisiúnta de mhúinteoirí, scoláirí, taighdeoirí acadúla agus saineolaithe beartais curaclaim a chomhfhorbair an compás.

Glactar le meafar an chompáis chun léiriú a dhéanamh ar -

> "*an gá go bhfoghlaimeodh scoláirí an chaoi lena mbealach féin a dhéanamh trí chomhthéacsanna nach mbeidís cleachta leo agus a dtreo féin a aimsiú ar bhealach bríoch freagrach seachas treoir sheasta a fháil ón múinteoir*" (Learning Compass 2030, Nóta Coincheapa, ECFE 2019)

Croí-choincheap sa chompás is ea **gníomhú agus comhghníomhú an scoláire.** Tugann an nóisean seo den ghníomhú níos mó le tuiscint ná mar a thuigfí de ghnáth, mar shampla, trí fhoghlaim neamhspleách, foghlaim fhéinstiúrtha nó go fiú guth an scoláire. Tugann sé le tuiscint gur ghá go mbeadh scoláirí in ann, ní hamháin tionchar a imirt ar a bhfoghlaim féin agus í a mhúnlú, ach ar a saol féin freisin agus ar na daoine agus cásanna a bhíonn ina dtimpeall. Leagann coincheap an chomhghníomhaithe béim ar na comhthéacsanna sóisialta ina mbíonn scoláirí ag foghlaim agus ag oibriú. Mar sin, cuimsíonn an comhghníomhú gníomhú idirspleách - idir scoláirí agus a múinteoirí, idir

scoláirí agus a bpiaraí mar aon lena dteaghlach agus a bpobal. Is amhlaidh, dá réir, go bhfuil aistriú sa chiall atá ar ghníomhú an scoláire a théann lastall den ghníomhú pearsanta go dtí gníomhú sóisialta/comhchoiteann, rud a chuimsítear freisin san oideachas saoránachta nó inniúlacht dhomhanda.

Lena chur ar chumas scoláirí a bheith ag feidhmiú ar an dóigh ghníomhaíoch seo, tugtar isteach sa Learning Compass rud a bhféadfaí inniúlachtaí 'dara hord' a thabhairt orthu, a gcuirtear síos dóibh gur inniúlachtaí claochlaitheacha iad. Trasnaíonn siad seo cineálacha eile d'fhoghlaim leathan agus tógann ar chroí-bhunchlocha cognaíocha (lena n-áirítear litearthachtaí), bunchlocha sláinte (lena n-áirítear sláinte mheabhrach agus folláine), agus bunchlocha sóisialta agus mothúchánacha (lena n-áirí féinrialúchán agus compás morálta). Beidh cur síos níos mionsonraí ar na hinniúlachtaí claochlaitheacha seo sa chéad chuid eile nuair a dhéantar comparáid idir iad agus creata idirnáisiúnta inniúlachtaí eile. Is leor a rá go bhfuil, cheana féin, cuspóir agus raon na bpríomhinniúlachtaí á bhforbairt agus ag dul i dtreonna úra.

## 2.4 An dúshlán maidir le dearadh curaclaim

In ainneoin na gcur chuige úr coincheapúil seo, is ann fós don dúshlán deartha curaclaim i dtaca le haon chur chuige príomhinniúlachtaí; cén áit ar fearr a leithéid de chreat a lonnú laistigh den dearadh foriomlán curaclaim agus de na cáipéisí treorach do scoileanna, go háirithe maidir le teagasc ábhair?

Tá cáineadh déanta ar shamhlacha éagsúla roimhe seo ag Reid (2006), agus é ag tarraingt ar a thaithí féin ar leasuithe ar churaclaim scilbhunaithe níos luaithe san Astráil agus in áiteanna eile, ach tá na ceachtanna fós mar an gcéanna. Léiríonn sé gur theip ar na leasuithe roimhe seo tionchar fiúntach a bheith acu ar an gcuraclam agus ar fhoghlaim an scoláire mar nach raibh go leor idir an cur chuige ar glacadh leis agus an méid a dhéantaí roimhe sin - go bunúsach, curaclam ábharbhunaithe. Bhí amhras air go háirithe faoin rud a dtugann sé an tsamhail 'ainmnigh i ndóchas' air, mar atá, ainm a thabhairt ar na hinniúlachtaí inmhianaithe agus múinteoirí a spreagadh lena dtógáil i dteagasc an ábhair acu, gan aon chomhairle bhreise ar na bealaí a bhféadfaí iad a nascadh le teagasc a n-ábhair. Ní bhíonn iontu i ndeireadh na dála ach uaillmhianta leathana le haghaidh teagasc ábhair. Is féidir srianta a bheith ag baint le cur chuige leabaithe go fiú, mar a ndéanfaí na príomhinniúlachtaí a chomhtháthú laistigh de na hábhair nó réimsí foghlama agus treoir ann i dtaca leis na háiteanna is fearr lena bhforbairt laistigh den ábhar, mar go ndéantar an inniúlacht a imeallú nó go mbíonn sí dofheicthe de dheasca na riachtanas a thagann le teagasc an ábhair. De bhreis air sin, éiríonn na hinniúlachtaí scartha thar ábhair, cailltear an intinn uileghabhálach, agus ní éiríonn le scoláirí nasc a dhéanamh idir

an taithí a fhaigheann siad ar an inniúlacht a chleachtadh sna hábhair agus sna heispéiris seomra ranga éagsúla.

Mar aon le dúshláin deartha faoi leith i dtaca leis an áit ar cheart creat príomhinniúlachtaí a lonnú laistigh den dearadh foriomlán curaclaim, tiocfaidh ceisteanna eile chun cinn i dtaca le hailíniú an churaclaim leasaithe le hionchais agus próisis mheasúnaithe, go háirithe i dtaca le scrúduithe ardtábhachta. Beidh ceisteanna ann freisin maidir le forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí agus scoileanna agus iad ag teacht isteach ar bhonn níos iomláine ar na himpleachtaí a thagann leis na príomhinniúlachtaí dá seomra ranga agus dá gcuid scoláirí. Faoi dheireadh, beidh gá le monatóireacht a dhéanamh ar rolladh amach an churaclaim leasaithe, sa ghearrthréimhse agus sa tréimhse níos faide, le go bhfaighidh CNCM an t-aiseolas ríthábhachtach atá ag teastáil chun cabhrú leo an curaclam a mhionchoigeartú, a leasú agus a chur in oiriúint do thosca athraitheacha. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé róluath breithniú ar na ceisteanna seo anois ach ní mór aghaidh a thabhairt orthu amach anseo.

# 3 3 Cur chuige taighdethreoraithe i leith príomhinniúlachtaí

## 3.1 Réamhthráchtanna

Sa *Research-Informed Analysis of 21st Century Competencies in a Redeveloped Primary Curriculum (CNCM, 2018),* mhol an t-údar rangú taighde le haghaidh príomhinniúlachtaí. Ó na hanailísí agus an taighde comparáideach thar chreata idirnáisiúnta a rinneadh tráth na tuarascála sin, níor tháinig aon rangú soiléir do chéim na bunscoile chun cinn. Ina áit sin, díríodh creata inniúlachtaí ar leibhéal a bheadh bainteach le foghlaim scoileanna thar chéimeanna agus, leoga, leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil ar bhonn níos ginearálta. Pléadh leis na céimeanna den oideachas (m.sh. céimeanna san oideachas bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta) trí ráitis ionchas le haghaidh foghlaim scoláirí ag gach céim, a cuireadh in iúl trí mhapaí dul chun cinn, contanaim nó próifílí foghlama. Tháinig pictiúr den chineál chéanna chun cinn nuair a rinneadh comparáidí idir dlínsí faoi leith.

Chun críche na tuarascála seo, chuaigh mé siar ar an rangú príomhinniúlachtaí a tuairiscíodh roimhe seo agus an rún agam an creat a nuashonrú agus fócas faoi leith ar an gcéim uachtarach den oideachas iar-bhunscolaíochta. Cé go bhfuiltear tar éis obair choincheapúil bhreise a chur i gcrích le blianta beaga anuas (a bhfuil breac-chuntas uirthi i gCuid 2 den tuarascáil seo), níor tháinig aon rud sonrach chun cinn i dtaca leis an gcéim dheiridh den oideachas iar-bhunscolaíochta nó den tsraith shinsearach. Is díol suntais é go bhfuil seasamh CNCM i dtaca le rangú faoi leith, níos saincheaptha, b'fhéidir, ar phríomhinniúlachtaí/príomhscileanna a iarraidh do na céimeanna éagsúla den fhoghlaim scoile, difriúil maidir leis seo.

Rachfar siar sa chuid seo, dá réir, ar na croí-chomhpháirteanna den chreat inniúlachtaí uileghabhálach a tuairiscíodh i d*Tuarascáil Bunscoile CNCM 2018*, agus sonrófar in athuair na hargóintí a bhí lena gcur san áireamh, go háirithe na smaointí taobh thiar den chiall a bhí le nádúr 'príomha' na hinniúlachta.

Tuairisceofar sna codanna ina dhiaidh seo ar obair chomparáideach nua níos cothroime le dáta d'fhonn seilfré mholtaí 2018 a sheiceáil agus, go sonrach, lena n-ábharthacht don tSraith Shinsearach a fhiosrú.

Sna moltaí deiridh don tSraith Shinsearach, tabharfaidh mé aird faoi leith ar na treoirphrionsabail le haghaidh sraith shinsearach athfhorbartha mar atá leagtha amach san Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach - Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022), go sonrach, na prionsabail lena n-iarrtar **dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht; foghlaim le foghlaim; foghlaim ar feadh an tsaoil; agus rannpháirtíocht agus saoránacht.**

### 3.2 Creat príomhinniúlachtaí taighdethreoraithe

Cuimsíonn an cur chuige reatha coincheapú na hinniúlachta le go n-áireofaí uirthi eolas, scileanna agus meonta/luachanna. Chuir tionscadal Learning Compass 2030 ECFE go suntasach leis an gciall atá ar na téarmaí seo a shoiléiriú trí shraith de nótaí coincheapa.[1] Tugaim faoi deara gur úsáideadh na nótaí coincheapa seo freisin san Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach – Tuarascáil Chomhairleach. I d*Tuarascáil Bunscoile CNCM 2018*, rinne mé iarracht den chineál céanna an chiall a bhí le téarmaí a shoiléiriú, go háirithe scileanna, meonta agus luachanna. Seo a leanas achoimre ghearr a tharraingíonn ar an dá cheann de na foinsí thuasluaite:

**Eolas:** baineann eolas ní hamháin le corpais d'eolas disciplíneach bunaithe (fíricí agus figiúirí, coincheapa, teoiricí) ach freisin le heolas idirdhisciplíneach, eolas eipistéimeach nó bealaí inar féidir rudaí a bheith ar eolas agus nithe bainteacha a maítear iad a bheith fíor, agus eolas ar an dóigh le rud a dhéanamh (ní hionann é seo agus tú a bheith sciliúil, féach thíos).

**Scileanna**: baineann tú a bheith sciliúil i dtaca le rud leis an gcumas próiseas éigin a chur i gcrích le leibhéal éigin inniúlachta, rud a léiríonn go bhfuil gné fhorbarthach ag baint le scileanna. Is féidir scileanna a fhorbairt i réimsí éagsúla – scileanna cognaíocha/meiteachognaíocha, scileanna sóisialta/cumarsáide, agus scileanna fisiceacha/sícealuaile. Is féidir, freisin, baint a bheith ag scileanna leis an gcumas eolas a chur i bhfeidhm chun spriocanna a bhaint amach.

**Luachanna/meonta**: Baineann luachanna leis na nithe bunaidh a chreideann daoine faoi na rudaí atá inmhianaithe – dóibh féin agus don tsochaí ar bhonn níos ginearálta. Baineann meonta leis an gclaonadh a bheadh ag duine gníomhú ar bhealach áirithe faoi chúinsí áirithe, rud a léiríonn gur gá, mar aon le bheith in ann gníomhú go sciliúil, gur gá duine a bheith spreagtha lena dhéanamh i rith an ama agus fios a bheith aige nó aici cé na cúinsí faoina mbíonn sé oiriúnach a leithéid a dhéanamh. Tá nasc idir luachanna agus meonta, óir is minic a bhíonn daoine ag gníomhú ar bhealach áirithe de bharr


---

[1] ECFE (2019) OECD_Learning_Compass_2030_concept_note.pdf
Knowledge_for_2030_concept_note.pdf (oecd.org)
Skills_for_2030_concept_note.pdf (oecd.org)
Attitudes_and_Values_for_2030_concept_note.pdf (oecd.org)
Core_Foundations_for_2030_concept_note.pdf (oecd.org)
Transformative_Competencies_for_2030_concept_note.pdf (oecd.org)
Student_Agency_for_2030_concept_note.pdf (oecd.org)

a luachanna agus na nithe bunaidh a chreideann siad. Is minic a úsáidtear téarmaí eile chun an ghné seo d’inniúlacht a chur in iúl, amhail meonta nó dearcthaí.

Oibríonn na gnéithe éagsúla d’inniúlacht le chéile ar bhealach comhtháite, mar atá eiseamláirithe san fhigiúr thíos, as an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach – Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022). Tabharfaidh mise **ollstruchtúr príomhinniúlachta** air seo óir is léiriú é ar na bloic thógála nó na comhpháirteanna as a bhfuil an t-aonad iomlán déanta.

## Tábla 2 Ollstruchtúr príomhinniúlachta: na bloic thógála




Trí bheith follasach faoin ngaol comhtháite idir an t-eolas, na scileanna agus luachanna/meonta agus na tairbhí bainteacha d’fhoghlaim scoláirí, seachnaítear an cáineadh a dhéantar go minic ar fhócas ar scileanna i gcuraclam, mar atá, go mbíonn tearcionadaíocht ag an eolas agus gan meas leorga air. Nuair a éiríonn lena gcomhtháthú, is féidir go mbeadh buntáistí féideartha ann d’fhoghlaimeoirí i gcuid mhór réimsí éagsúla. Mar shampla, is féidir a n-eolas agus a dtuiscint a dhaingniú agus is féidir go bhfaigheadh siad deiseanna leis an gcaoi le heolas a fhorbairt a fhoghlaim mar aon le heolas a ghlacadh isteach. Is féidir cur i bhfeidhm an eolais a chothú agus daoine ag iarraidh spriocanna agus dúshláin a chur díobh, agus is féidir go dtacódh scileanna/luachanna/meonta le scoláirí chun naisc a dhéanamh ní hamháin idir gnéithe den fhoghlaim scoile ach chuig comhthéacsanna an uile lae chomh maith, san am i láthair agus i gcomhthéacsanna oibre amach anseo. Is as sin a thagann an argóint go gcothaíonn cur chuige príomhinniúlachtaí an fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus an fhoghlaim i ngach réimse den saol. Chuir Perkins (2014), ina anailís ar pháistí a oiliúint le haghaidh saol atá ag athrú, ar ar tugadh *FutureWise*, coincheap de ‘life-worthy learning’ i láthair – rud ar fiú é a fhoghlaim don saol – agus shainaithin príomhinniúlachtaí mar cheann de na príomh-chomhábhair inti (féach Caibidil 1 ar ‘life-worthy learning’, agus Caibidil 9 ar ‘Big-Know’).

Go dtí seo, is ar ollstruchtúr inniúlachta atá an fócas ach baineann an plé le PRÍOMHinniúlachtaí agus ní ar inniúlachtaí amháin per se. Cad iad na buntáistí breise a bhaineann le creat **príomh**inniúlachtaí a choincheapú? Seo roinnt fáthanna:

- Ba cheart gur díol suntais í príomhinniúlacht mar rud a bheadh tábhachtach don fhoghlaim agus rud a ndéanfaí tosaíocht de, mar sin de, ní bheifí ag súil go dtabharfaí 'príomh' ar chuid mhór acu.
- Ba cheart go mbeadh príomhinniúlacht tábhachtach do GACH scoláire in ionad dornán beag, mar sin, bíonn ceist ann i dtaca le cothromas agus rochtain ar an bhfoghlaim a bhaineann le príomhinniúlachtaí.
- Bíonn na príomhinniúlachtaí idirghaolta agus ní mór iad a bheith ag feidhmiú in éineacht lena chéile chun a n-acmhainneacht a uasmhéadú. Cé go ndéantar iad a mhiondealú chun na saintréithe a bhaineann leo a scrúdú, baineann gach ceann acu le creat uileghabhálach. Baintear den acmhainneacht fhoriomlán foghlama má dhéantar breithniú orthu ar bhonn aonair. Le chéile, cabhraíonn siad le scoláirí an chaoi le bheith ag foghlaim a fhoghlaim.
- Is rud forbarthach iad príomhinniúlachtaí; méadófar ar an tsofaisticiúlacht agus ar an gcastacht a bheidh ag baint lena bhfoghlaim agus lena gcleachtadh de réir mar a théann scoláirí chun cinn ar a n-aistear oideachasúil.
- Faoi dheireadh, ba cheart go mbeifí in ann príomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm i réimse leathan de chomhthéacsanna. Mar a thugann an t-ainm le tuiscint, ba cheart go mbeifí in ann rud éigin a dhíghlasáil agus a oscailt leo – sa chiall go n-osclaíonn siad deiseanna le haghaidh foghlama i réimsí éagsúla, rud a chabhraíonn le scoláirí naisc a dhéanamh idir foghlaim i gcomhthéacsanna éagsúla agus, go sonrach, freagairt do na dúshláin foghlama níos mó de chuid an 21ú haois. Úsáidim na frásaí 'deiseanna le haghaidh foghlama' agus 'naisc a dhéanamh' óir níl sé seo deimhnithe agus beidh sé ag brath ar an gcaoi a gcuirtear an curaclam i bhfeidhm agus na cuir chuige teagaisc/seomra ranga a nglactar leo. Ní mór an intinn uileghabhálach a bheadh ag baint le príomhinniúlacht a dhéanamh an-soiléir do scoláirí má táthar lena n-acmhainneacht a réadú. Pléifear leis an gceist seo roinnt uaireanta sa tuarascáil seo.
- I dtaca le cur i bhfeidhm i réimse leathan de chomhthéacsanna, tagann ceist aníos maidir leis an méid is féidir GACH príomhinniúlacht a chomhtháthú ar bhonn cothrom i nGACH ábhar, mar a thugtar le tuiscint le riachtanas cothromais agus rochtana atá leagtha amach thuas. Mar shampla, an féidir glacadh le gach príomhinniúlacht ar bhonn cothrom sa mhatamaitic, sa stair agus sa chorpoideachas? Is dócha nach féidir ach ní hionann sin agus a rá gur cheart gur le hábhair áirithe a cheanglófaí príomhinniúlachtaí áirithe. Tugann príomhinniúlachtaí dúshlán

speisialtóirí ábhair chun na féidearthachtaí a bhaineann lena n-ábhar a shamhlú agus a athshamhlú agus leas a bhaint as na deiseanna breise le haghaidh foghlaim scoláirí a thagann le creat príomhinniúlachtaí. Tiocfaidh an cheist aníos arís roinnt uaireanta sa tuarascáil seo agus athbhreithniú á dhéanamh ar bhealaí malartacha chun spriocanna foghlama níos leithne a ionchorprú i gcuraclam – mar phríomhinniúlacht, téama traschuraclaim nó ábhar nua.

## 3.3 3.2 Rangú le haghaidh príomhinniúlachtaí

Ag tarraingt ar thaighde comparáideach agus ar chreata inniúlachta idirnáisiúnta, sainaithníodh i d*Tuarascáil Bunscoile CNCM 2018*, treochtaí comhsheasmhacha sna cineálacha inniúlachtaí a cuimsíodh. Ar dtús, bhí trí phointe tagartha ar leithligh ag baint leis an gcur síos ar phríomhinniúlachtaí a d'fhág go rabhthas in ann iad a ghrúpáil ar leithligh. Ba iad na pointí tagartha seo:

**Tréithe pearsanta** – amhail smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach (**cognaíoch**); modhanna comhoibrithe agus cumarsáide (**idirphearsanta**), agus bealaí chun tú féin agus an fhoghlaim a bhainistiú (**inphearsanta**). Rinneadh iad a ainmniú ar bhealach comhsheasmhach i litríochtaí taighde agus i gcreata idirnáisiúnta.


**Uirlisí foghlama**: is minice a tugadh **litearthachtaí** orthu seo seachas inniúlachtaí. Cuimsíonn siad seo léitheoireacht/scríbhneoireacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach. Tugtar scileanna bunúsacha orthu seo ó am go chéile ach is cinnte go dtéann siad lastall de na hionchais a bhí ag baint an chéad lá leis na '3R', go háirithe agus inniúlacht dhigiteach agus ilmheán san áireamh. Tá úsáidí leo mar aon le hionchais i dtaca le foghlaim agus feidhmíocht scoláirí ar fud an churaclaim ag baint leo agus, dá réir, titeann siad faoi raon creat príomhinniúlachtaí.

**Téamaí agus dúshláin thrasdisciplíneacha** (tugtar **Mórphictiúr** orthu): sa ghrúpa seo, bhí meascán de théamaí trasdisciplíneacha mar aon le réimsí oideachais níos úire lena n-áirítear oideachas saoránachta, oideachas don inbhuanaitheacht, inniúlacht dhomhanda – **dúshláin an 21ú haois**. Pé acu an dtiteann siad faoi raon na sainmhínithe reatha ar phríomhinniúlachtaí nó gur réimsí eolais iad astu féin atá ag teacht chun cinn, is cinnte go n-éilíonn siad foghlaim scoláirí a théann lastall de na disciplíní traidisiúnta. Bíonn an fócas iontu ar scoláirí a ullmhú le bheith **rannpháirteach agus a sciar féin a dhéanamh ar bhonn sochaíoch níos leithne i bhfianaise dúshláin shochaíocha a bhfuil impleachtaí áitiúla, náisiúnta agus domhanda ag baint leo**.

Tá achoimre i dTábla 3 ar na gaoil mholta idir na hinniúlachtaí éagsúla laistigh de chreat foriomlán. Léiríonn na dathanna difriúla na pointí tagartha difriúla agus tá gach forluí ceaptha lena léiriú a

thábhachtaí atá sé an chomhpháirt eolais (pé acu disciplíneach nó trasdisciplíneach í) a chomhtháthú le scileanna, luachanna/meonta, agus uirlisí.

**Table 3 Proposed relationships between the key competencies**




Tá léiriú níos mionsonraí le fáil i dTábla 4 ar na príomhinniúlachtaí cognaíocha, idirphearsanta agus inphearsanta maidir lena riachtanais eolais, scileanna agus luachanna/meonta. Don am i láthair, léiríonn siad seo na príomhinniúlachtaí is iomráití a sainaithníodh ón bpointe tagartha 'tréithe pearsanta'. Sna codanna ina dhiaidh seo, déanfaidh mé athbhreithniú ar an tábla seo lena fheiceáil an leor é, go háirithe maidir leis an gcineál foghlama a léiriú a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le haghaidh rannpháirtíochta agus le do sciar féin a dhéanamh ar bhonn sochaíoch níos leithne.

## Tábla 4 Rangú taighdebhunaithe ar phríomhinniúlachtaí (pearsanta) ó Thuarascáil Bunscoile CNCM 2018

| **Cineál Inniúlachta** | **SCILEANNA** | **Meonta/Luachanna** | **Eolas** |
|---|---|---|---|
| **Cognaíoch (Bealaí Smaointeoireachta)** | cuimsíonn *scileanna cognaíocha* a bhaineann le smaointeoireacht ardoird a fhorbairt -<br>• réasúnaíocht agus smaointeoireacht chriticiúil,<br>• smaointeoireacht le haghaidh tuisceana,<br>• cruthaitheacht agus samhlaíocht,<br>• fadhbfhuascailt, cinnteoireacht,<br>• smaointeoireacht córas,<br>• aisghabháil agus anailís faisnéise<br>• machnamh agus scileanna meiteachognaíocha | Is ionann *Meonta* a bhaineann le bheith in ann smaoineamh go maith agus -<br>• a bheith leathanaigeanta<br>• soiléire agus fírinne a lorg<br>• a bheith fiosrach<br>• a bheith dianseasmhach<br>• a bheith fiontrach - agus nósanna intinne eile a cheanglaítear go minic leis an smaointeoireacht ardchaighdeáin.<br>Ar na *luachanna* tacaíochta, bheadh:<br>• fonn dúshláin a lorg.<br>• go mbeadh spreagadh cognaíoch ag teastáil uait<br>• a bheith ag gnóthú go maith<br>• a bheith dea-eolach<br>• gníomhú go hionraic | Eolas maidir le<br>• réimsí foghlama<br>• ábhair<br>• Téamaí/peirspictíochtaí trasdisciplíneacha |
| **Idirphearsanta. (Bealaí Idirghníomhaithe)** | cuimsíonn sé seo forbairt na *scileanna sochmhothúchánacha* agus *scileanna idirghníomhaithe sóisialta* chun caidrimh phearsanta agus oibre a chothú-<br>• scileanna éisteachta<br>• a bheith ag oibriú mar chuid d'fhoireann<br>• ról ceannais a ghlacadh i ngrúpa<br>• scileanna idirbheartaíochta agus chun dul i bhfeidhm ar dhaoine eile | Is ionann *meonta* a bhaineann le hinniúlacht idirphearsanta agus –<br>• a bheith measúil<br>• cúram comhbhách<br>• a bheith teanntásach<br>• a bheith in ann a thabhairt agus glacadh<br>• a bheith oscailte do thuairimí éagsúla<br>• a bheith iontaofa,<br>• freagracht a ghlacadh<br>Ar na *luachanna* tacaíochta, bheadh:<br>• an mhian a bheith cothrom agus a bheith ag gníomhú go heiticiúil. | Eolas maidir le<br>• na réimsí inniúlachta – eolas den chineál "eolas ar" |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • a bheith ag idirghníomhú ar bhealaí a bheadh íogair ar bhonn sóisialta agus cultúrtha<br>• cumarsáid shoiléir agus daoine eile in ann tú a thuiscint<br>. | • a bheith toilteanach<br>• a bheith ag gnóthú go maith,<br>• a bheith iontaofa<br>• idirspleáchas a aithint | Eolas maidir le<br>• réimsí foghlama<br>• ábhair<br>• Téamaí/peirspictíochtaí trasdisciplíneacha |
| **Inphearsanta (Bealaí chun tú féin agus do chuid foghlama a bhainistiú)** | eagraíonn sé go leor de na scileanna agus na meonta eile ar bhealach dinimiciúil, clúdaíonn sé scileanna ar nós -<br>• féinfheasacht a fhorbairt faoi smaointe, mothúcháin agus cuir chuige i leith foghlama<br>• scileanna i smaointeoireacht mheiteachognaíoch agus rialáil mhothúchánach<br>• láidreachtaí, laigí agus claontachtaí an duine féin faoi fhoghlaim scoile a aithint (sa chomhthéacs seo)<br>• pleananna agus tionscadail phearsanta a bhainistiú, lena n-áirítear bainistíocht ama<br>• aiseolas a lorg agus freagairt dó | Is ionann Meonta a bhaineann le hinniúlacht idirphearsanta agus –<br>• ag iarraidh feabhsú<br>• a bheith ag leanúint ar aghaidh agus iarracht a dhéanamh<br>• a bheith solúbtha agus inoiriúnaithe<br>• ag iarraidh neamhspleáchas a bhaint amach agus ‘a bheith i gceannas’<br>• riosca a aithint agus a bhainistiú<br>• a bheith ag creidiúint i bhféinéifeachtúlacht<br>Ar na *bunluachanna* , d’fhéadfadh go mbeadh:<br>• neamhspleáchas a lorg,<br>• bheith gníomhaíoch agus do dhomhan a mhúnlú<br>• cúnamh a thabhairt<br>• gnóthachtáil agus sásamh pearsanta<br>• ionracas pearsanta<br>• féiniúlacht phearsanta | Eolas maidir le<br>• na réimsí inniúlachta – eolas den chineál “eolas ar” |

# 4 Comparáid idir Creataí Príomhinniúlachta: Dlínsí Idirnáisiúnta agus Sonracha

Rinneadh dhá athbhreithniú chomparáideacha ar leith agus é mar aidhm acu forbairtí agus cuir chuige níos nuaí agus níos déanaí a rianú agus díriú ar aon tagairt ar leith don mheánscolaíocht shinsearach.

## 4.1 Comparáid idir Creataí Príomhinniúlachta Idirnáisiúnta

I dTábla 5 cuirtear cúig chreat idirnáisiúnta i gcomparáid lena chéile; cuireadh dhá cheann díobh seo san áireamh i dTuarascáil Bunscoile CNCM 2018 agus cruthaíodh nó nuashonraíodh na trí cinn eile níos déanaí.

Áiríodh creat DeSeCo ECFE agus US National Research Council Framework toisc go bhfuil an dá cheann bunaithe go daingean ar anailís choincheapúil, scoláireacht agus taighde faoi inniúlachtaí (DeSeCo) agus ar obair US National Research Council Framework (Pellegrino & Hilton, 2012) agus go dtarraingíonn siad go suntasach ar thaighde ar mheasúnú síceolaíoch ar dhifríochtaí aonair (síceolaíocht dhifreálach) chomh maith le taighde ar fhoghlaim éifeachtach (Bransford et al., 1999; Donovan & Bransford, 2005).

Tá trí chreat a cruthaíodh níos déanaí cuimsithe toisc go dtarraingíonn siad aird ar ghnéithe beagán difriúil d'inniúlacht lárnach agus go léiríonn siad conas is féidir iad a fhorbairt i dtreonna difriúla.

Mar shampla, tá tionscadal Future Competences de chuid International Bureau of Education (IBE)'s de chuid UNESCO an-chuimsitheach agus shainaithin sé príomhinniúlachtaí mar **'mhaicr-inniúlachtaí'.** Deimhníonn an rangú seo trí ghné d'inniúlachtaí a sainaithníodh roimhe seo – cognaíoch, idirphearsanta agus inphearsanta – chomh maith le raon uirlisí (litearthachtaí) tábhachtacha ach éilíonn sé go ndéanfaí teorainneacha disciplín traidisiúnta a atheagrú ar bhonn radacach i dtreo **peirspictíocht thrasdisciplíneach.**

I gcodarsnacht leis sin, is féidir an Creat Eorpach Eochair-inniúlachtaí a mhapáil níos éasca chuig réimsí curaclaim seanbhunaithe (teangacha, eolaíocht agus teicneolaíocht, matamaitic, cultúr agus na healaíona), fad is a ghabhann **fiontraíocht** nuálaíocht agus cineálacha smaointeoireachta gaolmhara (cruthaitheacht, réiteach fadhbanna), agus **pearsanta, sóisialta agus foghlaim le foghlaim** a bheith san áireamh faoi inniúlacht aonair seachas an gnáth-idirdhealú idir smaointeoireacht idirphearsanta agus inphearsanta. Seasann **saoránacht** amach á cumadh i dtéarmaí príomhinniúlachta seachas mar ábhar curaclaim, mar atá in oideachas saoránachta.

Molann Learning Compass Framework ECFE is déanaí an smaoineamh ar 'inniúlachtaí bunathraitheacha', rud ar ghlaoigh mise phríomhinniúlachtaí den dara hord orthu toisc go ngearrann siad thar na tacair chognaíocha, idirphearsanta agus inphearsanta de scileanna, luachanna agus meonta. Rinneadh iad seo a chumasc le chéile ar mhaithe le cuspóir ar leith – **chun luach a chruthú**

**nó a chur le heolas, gníomhartha agus torthaí** (díriú ar nuálaíocht)**, chun teannas, aincheisteanna agus contrárthachtaí a réiteach** (díriú ar réiteach coinbhleachtaí, tógáil peirspictíochta), agus **freagracht a ghlacadh** (díriú ar **gníomhú na scoláirí** ní hamháin as a gcuid foghlama pearsanta ach freisin **as a saol áitiúil agus domhanda a mhúnlú**). Ba cheart a mheabhrú gur creat *foghlama* é an Learning Compass agus nach creat *curaclaim* é agus dá bhrí sin tá sé tostach den chuid is mó maidir leis an mbealach is fearr chun na hinniúlachtaí bunathraitheacha seo a bhaint amach ó thaobh pleanáil churaclaim de (bíodh is go bhfuil uirlis mapála curaclaim forbartha ag snáitheanna eile den obair, agus gur phléigh siad ró-ualach curaclaim agus ábhair ghaolmhara).

Is féidir trí chonclúid ghairide a bhaint as an gcomparáid nuashonraithe seo de chreataí idirnáisiúnta:

- Go bhfuil rangú Bunscoile 2018 CNCM roimhe seo fós úsáideach mar scéimre eagrúcháin – inniúlachtaí pearsanta (cognaíoch, idirphearsanta, inphearsanta), uirlisí (litearthachtaí), téamaí trasdisciplíneacha (saoránacht, inbhuanaitheacht, feasacht dhomhanda), in ainneoin an bhealaigh trasghearrtha inar léirigh Learning Compass de chuid ECFE an smaoineamh maidir le hinniúlachtaí bunathraitheacha.
- Tá difríochtaí ag teacht chun cinn idir na creataí. Cé go n-áirítear tagairtí iontu go léir do na catagóirí pearsanta, díríonn trí cinn ar na catagóirí sin amháin, luaitear uirlisí/litríochtaí go sonrach in dhá cheann, agus áirítear i ndá cheann tagairtí d'ábhair imní agus saincheisteanna níos leithne sa tsochaí.
- Tá roinnt éiginnteachta ann fós maidir le spriocanna foghlama níos leithne a bhaineann le dúshlán an 21ú haois a fhrámú ar a laghad mar ábhar curaclaim 'nua' nó mar phríomhinniúlacht atá le comhtháthú ar fud an churaclaim, mar a bheifí ag súil leis ó na príomhinniúlachtaí eile i gcreat. Mar shampla, ar cheart saoránacht a chur leis mar ábhar curaclaim agus a bheith ar fáil do gach scoláire nó ar chóir í a chumadh mar phríomhinniúlacht ó thaobh eolais, scileanna, luachanna/meon de agus í a chomhtháthú i bpleanáil churaclaim mar a bheifí ag súil leis do na príomhinniúlachtaí 'pearsanta' eile?

Féachfaidh mé arís ar na saincheisteanna seo nuair a bheidh an chomparáid idir creataí dlínse críochnaithe.

**Tábla 5 Creataí Príomhinniúlachta Idirnáisiúnta/ Foghlaim san 21ú hAois - Nuashonraithe (Tuarascáil ar an tSraith Shinsearach)**

| DeSeCo (ECFE) Príomhinniúlachtaí (2004) | US National Research Council Classification Pellegrino & Hilton (2012) | UNESCO International Bureau of Education (IBE) Framework of Future Competences (2017) Maicr-Inniúlachtaí | Eochair-Inniúlachtaí na hEorpa don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil (Athbhreithnithe 2019) | Learning Compass ECFE (2019) Inniúlachtaí Claochlaitheacha (a ghearrann trasna catagóirí) |
|---|---|---|---|---|
| **Smaointeoireacht**<br>(a mheastar a bheith lárnach sna hinniúlachtaí eile) | **Cognaíoch**<br>• Próisis agus straitéisí cognaíocha<br>• Foinsí agus claontachtaí eolais agus faisnéise, cumarsáid<br>• Cruthaitheacht agus nuálaíocht | **Foghlaim ar feadh an tsaoil**<br>• Cruthaitheacht<br>• Smaointeoireacht Chriticiúil<br>• Fiosracht<br>• Foghlaim le foghlaim | **Fiontraíocht**<br>• Smaointe a athrú<br>• Cruthaitheacht<br>• Smaointeoireacht chriticiúil<br>• Réiteach fadhbanna<br>• Tionscadail a phleanáil agus a bhainistiú<br>(cineálacha éagsúla smaointeoireachta a ndéantar cur síos orthu i réimsí eile freisin) | **Luach nua á chruthú:**<br>• Dírigh ar nuálaíocht agus ar bhraistint chuspóra<br>• Cruthaitheacht<br>• Smaointeoireacht chriticiúil agus réiteach fadhbanna<br>• Fiosracht agus dearcadh oscailte<br>(comhoibriú, rioscaí a bhainistiú, inoiriúnaitheacht) |
| **Feidhmiú i ngrúpaí**<br>• Caidreamh a dhéanamh le daoine eile<br>• Comhoibriú a dhéanamh i bhfoirne<br>• Coinbhleachtaí a bhainistiú agus a réiteach | **Idirphearsanta.**<br>• Obair foirne agus comhoibriú<br>• Ceannaireacht | **Caidreamh a dhéanamh le daoine eile**<br>• Obair Foirne<br>• Comhoibriú<br>• Idirbheartaíocht | **Pearsanta, sóisialta agus foghlaim le foghlaim**<br>• Comhoibriú a dhéanamh mar chuid d'fhoireann agus idirbheartaíocht a dhéanamh.<br>• In ann tacaíocht a lorg más gá<br>• Comhbhá a bheith agat agus coimhlint a bhainistiú | **Teannas agus aincheisteanna a réiteach, contrárthachtaí**<br>• Comhbhá agus meas ar thuairimí éagsúla<br>• Cruthaitheacht agus réiteach fadhbanna le haghaidh réiteach coinbhleachta<br>(solúbthacht chognaíoch, tógáil peirspictíochta, cinntí casta agus deacra a dhéanamh, caoinfhulaingt na débhríochta, braistint freagrachta) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ag gníomhú go neamhspleách**<br>• A bheith ag gníomhú laistigh den mhórphictiúr<br>• Pleananna saoil agus tionscadail phearsanta a fhoirmiú agus a stiúradh<br>• Cearta a chosaint agus a dhearbhú | **Inphearsanta**<br>• Oscailteacht intleachtúil<br>• Eitic oibre, coinsiasacht<br>• Féinmheastóireacht dheimhneach | **Féinghníomhú**<br>• Tionscnaíocht<br>• Treallús<br>• Inspreagadh<br>• Diongbháilteacht/Uchtach<br>• Teacht aniar<br>• Freagracht | **Pearsanta, sóisialta agus foghlaim le foghlaim**<br>• Machnamh a dhéanamh ort féin, foghlaim conas le foghlaim<br>• Am agus faisnéis a bhainistiú go héifeachtach<br>• Bainistigh d'fhoghlaim agus do ghairm féin<br>• Déileáil le castacht agus neamhchinnteacht<br>• Tacaigh le folláine mhothúchánach<br>• A bheith feasacht ar shláinte | **Freagracht a ghlacadh (a bhaineann le gníomhú scoláire)**<br>• Treoir mhorálta láidir agus lócas rialúcháin<br>• Braistint ionracais<br>• Féinfheasacht agus féinmhachnamh criticiúil<br>• Féinrialáil<br><br>(atrua agus meas ar dhaoine eile) |
| **Uirlisí a úsáid go hidirghníomhach**<br>• Úsáid teanga, siombailí agus téacsanna<br>• Úsáid eolas agus faisnéis<br>• Úsáid teicneolaíocht | (ar fáil sa chuid **Chognaíoch**) | **Il-litearthacht**<br>• Léitheoireacht agus scríbhneoireacht<br>• Uimhearthacht<br>• Digiteach | **Litearthacht**<br>**Ilteangach**<br>**Matamaiticiúil, eolaíoch, teicneolaíocht agus innealtóireacht**<br>**Digiteach** | |
| | | **Trasdisciplíneach**<br>• ETIM, Na Daonnachtaí, Eolaíocht Shóisialta<br>**A bheith ag idirghníomhú sa domhan agus leis an Domhan**<br>• Áitiúil agus domhanda<br>**Uirlisí agus acmhainní éagsúla a úsáid**<br>• Inbhuanaitheacht | **Saoránacht**<br>• Gníomhaigh mar shaoránach freagrach<br>• Glac páirt sa saol sibhialta<br>• Feasacht ar fhorbairtí domhanda<br>**Feasacht chultúrtha**<br>• Déan cumarsáid trí raon ealaíon agus léirithe cultúrtha eile<br>• Forbair smaointe agus braistint áite an duine féin | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | sa tsochaí, agus cuir na rudaí céanna in iúl | |

## 4.2 Comparáid idir Creataí Príomhinniúlachta i ndlínsí ar leith

Chun críocha comparáide roghnaíodh **sé dhlínse** chun forbairtí i gcreataí príomhinniúlachta ag comhlachtaí nó gníomhaireachtaí curaclaim náisiúnta/stáit a scrúdú, agus dá bhrí sin is dócha go mbeidh siad níos gaire do phleanáil churaclaim i scoileanna ná na creataí idirnáisiúnta.

Bhí sé deacair dianchritéir roghnúcháin a fhorbairt le haghaidh comparadóirí iomchuí, mar sin tá creataí inniúlachta forbartha go maith ag go leor tíortha/stát cheana féin nó tá siad ag bogadh sa treo sin le 20 bliain anuas, mar shampla:

- An Astráil (agus stáit aonair na hAstráile, m.sh., Victoria, Queensland);
- An Nua-Shéalainn (ceann de na chéad tíortha a ghlac leis an smaoineamh go hiomlán);
- Ceanada (stáit aonair Cheanada, m.sh., British Columbia, Ontario, Alberta);
- Stáit an Aigéin Chiúin agus na hÁise, amhail Hong Cong, Singeapór, an Chóiré Theas;
- Stáit an Aontais Eorpaigh (ghlac gach ceann de na 27 ball páirt i staidéar le déanaí ar an gcaoi a bhfuil príomhinniúlachtaí ag dul chun cinn ina n-oideachas scoile, Looney et al., 2022)
- Chomh maith le dlínsí níos gaire don bhaile, Tuaisceart Éireann, Albain, agus an Bhreatain Bheag.
- Seasann Sasana amach mar thír dhifriúil, trí dhul i dtreo scileanna ar dtús (m.sh., McGuinness, 1999), ansin stop a chur leis chun filleadh ar churaclam níos ábharbhunaithe.
- Tá taithí nach beag ag Éirinn cheana féin, trí obair CNCM, ar dhearadh curaclaim den chineál seo ón gcreat Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí, ar na Príomhinniúlachtaí d'Oideachas na Bunscolaíochta (2023) is déanaí agus ar Chreat Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí (2009), a bhí ann roimhe seo.

Toisc go bhfuil an oiread sin gníomhaíochta forbartha déanta thar thréimhse ghairid (i dtéarmaí timthriall ama curaclaim), tá cosúlacht agus forluí suntasach ann idir creataí dlínse mar is gnách leo crostagairt a dhéanamh dá chéile agus a leagan féin a chur in oiriúint do chomhthéacsanna beartais áitiúla cultúir agus oideachais. Is iondúil freisin go mbíonn tionchar ag treochtaí sna creataí idirnáisiúnta orthu.

É sin ráite, roghnaíodh sé dhlínse ar chúiseanna éagsúla.

- I dTuaisceart Éireann (2007) agus sa Nua-Shéalainn (2007) cuireadh tús le creat a fhorbairt go luath agus mar sin **cuireadh deiseanna chun ceachtanna a foghlaimíodh a ghabháil ar fáil,** go háirithe sa Nua-Shéalainn, áit a bhfuil taighde fairsing ar chur i bhfeidhm ar fáil (Sinnema (2011); Hipkins, 2018; McDowall & Hipkins, 2018; Chamberlain et al., 2021).

- Níl an Bhreatain Bheag (2020) ach socraithe ar a gcreat atá á thabhairt isteach ar bhealach céimnithe. Tógadh cur chuige na Breataine Bige go sonrach **ar eispéiris na hAlban** a ghlac le cur chuige den chineál céanna in 2010.
- Áirítear an Ísiltír (2018) agus an Phortaingéil (2019) mar shamplaí de chreataí níos déanaí agus **ba chás-staidéir iad don staidéar a rinne an Coimisiún Eorpach le déanaí ar phríomhinniúlachtaí** san oideachas scoile san Eoraip. Bhí an dá thír páirteach i **gcleachtadh mapála curaclaim** a bhain le Learning Compass 2030 an ECFE (Looney et al., 2022)
- Cuireadh dhá shampla ó stáit i gCeanada san áireamh, ar chúiseanna éagsúla. Sampla de dhlínse is ea British Columbia (2016) a d'athchóirigh a gcuraclam ar dhá bhealach – **curaclam coincheapbhunaithe** a thabhairt isteach (Smaointe Móra le foghlaim in ábhair ag gach leibhéal gráid a aithint) chomh maith le **creat bunaithe ar inniúlacht** (Príomhinniúlachtaí le haithint agus le foghlaim ar fud an churaclaim). Tá Ontario (2020) san áireamh toisc go gcuimsíonn sé **foghlaim thraschuraclaim agus chomhtháite** in aice lena gcreat inniúlachta le roinnt forluí in ábhar idir an dá chur chuige, rud a léiríonn go bhfuil teannas ann maidir leis an réiteach is fearr a fháil (féach an Bhreatain Bheag freisin).
- Faoi dheireadh, tá Creat Príomhscileanna CNCM don tSraith Shinsearach (2009) san áireamh mar phointe seasta agus déanfar plé níos fairsinge air i mír níos déanaí.

Déanann Tábla 6 comparáid idir na samplaí seo i bhfoirm tábla.

Is é an chéad phointe ginearálta le tabhairt faoi deara ná nach mbaineann aon cheann de na samplaí leis an gcéim uachtarach den mheánoideachas, seachas Príomhscileanna CNCM don tSraith Shinsearach. Tosaíonn gach ceann acu sa bhunscoil (agus sa luathbhlianta i roinnt cásanna) agus síneann siad go 16 bliana d'aois ar a laghad, arb é deireadh na scolaíochta éigeantaí é i bhformhór na gcásanna. Síneann cúpla sampla go 17/18 mbliana d'aois, agus gach céim den oideachas dara leibhéal á clúdach acu.

Baineann an dara pointe ginearálta le 'hainm' an chreata - áit a bhfuil inathraitheacht fós ann. I gcodarsnacht leis an aistriú coincheapúil i dtreo 'inniúlachtaí' sna creataí idirnáisiúnta, tá an téarma 'scileanna' fós le feiceáil sna sé dhlínse a scrúdaíodh – "scileanna smaointeoireachta agus cumais phearsanta ", "scileanna leathana", "scileanna lárnacha", "scileanna inaistrithe "– agus iad go léir dírithe ar ghnéithe beagán éagsúil den bhrí. Lena chois sin is cóir a rá, nuair a dhéantar brí scileanna a cheistiú a thuilleadh sna doiciméid churaclaim ábhartha, go bhfuil sé ag teacht go dlúth le brí inniúlachtaí amhail glacadh le heolas, scileanna, meonta/dearcthaí. Is cosúil go bhfuil níos mó leanúnachais sa bhrí ná sa téarmaíocht!

Chun críocha anailíse ag an bpointe seo, eagraítear ábhar gach creata faoin rangú príomhinniúlachta atá leagtha amach sa mhír roimhe seo – pearsanta (cognaíoch, idirphearsanta, inphearsanta); litearthacht; agus téamaí/dúshláin traschuraclaim, thrasdisciplíneacha.

## Tábla 6 Comparáid idir Creataí Príomhinniúlachta ar fud na ndlínsí

| An Dlínse | Ainm an Chreata | Rangú na bPríomhinniúlachtaí | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Cognaíoch | Idirphearsanta | Inphearsanta | | Litearthacht | | Téamaí traschuraclaim/topaicí trasdisciplíneacha, dúshláin an 21ú haois |
| **Tuaisceart Éireann** | **Scileanna Smaointeoireachta agus Cumais Phearsanta (2007) (aoiseanna 4 -16) (roinnt éagsúlachta sa téarmaíocht d'aoiseanna 14 -16)** | Faisnéis a bhainistiú;<br>Smaointeoireacht, réiteach fadhbanna, cinnteoireacht;<br>A bheith cruthaitheach | Obair le daoine eile | Féinbhainistíocht | | Cumarsáid<br>Uimhreacha a úsáid<br>TFC | | Saoránacht,<br>Feasacht ar na meáin,<br>Forbairt inbhuanaithe |
| **An Nua-Shéalainn** | **Príomhinniúlachtaí (2007) 5-19 mbliana d'aois** | Smaointeoireacht | Comhbhá le daoine eile;<br>Rannpháirtíocht agus ionchur | Féinbhainistiú | | Teanga, siombailí, téacs | | |
| **Éire (An tSraith Shinsearach)** | **Príomhscileanna (2009) 16-18 mbliana d'aois** | Próiseáil faisnéise;<br>Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach | Cumarsáid;<br>Obair le daoine eile | A bheith éifeachtach ar bhonn pearsanta | | | | |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **British Columbia/ Ceanada** | **Croí-Inniúlachtaí (móide Inniúlachtaí Curaclaim) (2016)** **6-17 mbliana d'aois** | Smaointeoireacht, cruthaitheach agus criticiúil | Cumarsáid; Freagracht shóisialta | Féiniúlacht dhearfach phearsanta agus chultúrtha; Feasacht agus freagracht phearsanta Feasacht agus freagracht shóisialta | | Litearthacht agus Uimhearthacht, TFC | | Dearcthaí Bundúchasacha |
| **An Phortaingéil** | **Próifíl Scoir an Scoláire Réimsí Inniúlachta (2017 -)** **6-18 mbliana d'aois** | Faisnéis agus cumarsáid; Réasúnaíocht agus réiteach fadhbanna; Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach; | Caidrimh idirphearsanta; Cumarsáid | Féinriail agus forbairt phearsanta; Feasacht agus máistreacht choirp, meas a bheith agat ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht choirp d'fholláine | | Teanga agus téacs (lena n-áirítear teangacha éagsúla, agus córais siombailí eile); Faisnéis eolaíoch, theicniúil agus teicneolaíochta | | Folláine, sláinte agus comhshaol; Íogaireacht agus feasacht aeistéitiúil agus ealaíonta, léirithe cultúrtha éagsúla |
| **An Ísiltír** | **Netherlands Curriculum Review Scileanna Leathana (2018/2019)** **5-16 bliana d'aois** | Bealaí smaointeoireachta agus bealaí le gníomhú: Smaoineamh go criticiúil; Smaointeoireacht/gníomh cruthaitheach; Smaointeoireacht réiteach fadhbanna agus gníomh | Bealaí chun idirghníomhú le daoine eile: Scileanna sóisialta agus cultúrtha; Comhoibriú; Cumarsáid | Bealaí le haithne a bheith agat ort féin: Féinrialáil; Smaointeoireacht agus gníomhú fiontraíochta; Claonadh duit féin, do chuid staidéir agus do ghairm bheatha | | Litearthacht dhigiteach curtha leis go sainráite mar réimse foghlama (féach thíos) | | Inbhuanaitheacht Domhandú Sláinte Teicneolaíocht |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Bhreatain Bheag** | **Curriculum Framework for Wales (2020) Scileanna Lárnacha 3-16 bliana d'aois** | Cruthaitheacht agus nuálaíocht; Smaointeoireacht chriticiúil | | Éifeachtacht Phearsanta Pleanáil agus eagrú | | Litearthacht Uimhearthacht Digiteach (éigeantach) | | Caidrimh agus gnéasacht, Oideachas ar chearta an duine; Ilchineálacht; Gairmeacha agus taithí a bhaineann leis an obair Comhthéacsanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta |
| **Ontario/Ceanada** | **Transferable Skills (2020) 6-17 mbliana d'aois** | Smaointeoireacht chriticiúil agus réiteach fadhbanna, Nuálaíocht, cruthaitheacht agus fiontraíocht | Comhoibriú, Cumarsáid | Foghlaim fhéintreoraithe | | Litearthacht dhigiteach | | Saoránacht dhomhanda agus inbhuanaitheacht (san áireamh ina gcreat inniúlachta); Litearthacht Airgeadais; Oideachas Comhshaoil; Scileanna foghlama sóisialta-mhothúchánach; Oideachas ETIM |

Agus Tábla 6 á scrúdú, cad iad na conclúidí is féidir a bhaint amach faoi na cosúlachtaí idir na creataí, na difríochtaí a thagann chun cinn ó thaobh substainte nó treise, agus aon teannas/forluí is féidir a aithint? Oibreoidh mé trí gach ceann de na ranguithe príomhinniúlachta.

**Cognaíoch:** Déanann gach creat tagairt don chineál seo inniúlachta agus tá ardleibhéal leanúnachais ann maidir le hábhar – smaointeoireacht chriticiúil, cruthaitheacht, réasúnú, réiteach fadhbanna, agus go pointe níos lú tagairt d'fhaisnéis a phróiseáil/a bhainistiú. I gcreataí áirithe luaitear nuálaíocht (an Bhreatain Bheag, Ontario) agus fiontraíocht (Ontario), agus gníomhú chomh maith le smaointeoireacht (an Ísiltír), ag meabhrú dúinn go bhfuil an inniúlacht seo beartaithe chun cur ar chumas foghlaimeoirí gníomhú – réiteach fadhbanna, cinntí a dhéanamh - agus freagairt do dhúshláin chognaíocha chasta agus ní hamháin a bheith ag foghlaim go maith.

**Idirphearsanta:** Luaitear dhá chineál idirghníomhaíochta go arís is arís eile ar fud na gcreataí go léir – cumarsáid agus comhoibriú nó oibriú le chéile. Ach tá tagairtí ann freisin do chineálacha idirghníomhaíochtaí a théann níos faide ná an ‘pearsanta', is iad sin rannpháirteachas agus cur níos forleithne leis an tsochaí (an Nua-Shéalainn), go freagracht shóisialta (British Columbia) agus bheith íogair agus feasach ó thaobh cultúir (an Ísiltír, an Phortaingéil). Bhí an chiall níos leithne den idirghníomhú le sonrú níos iomláine sna téamaí agus sna hábhair thrasdisciplíneacha, mar shampla, oideachas saoránachta, téamaí chearta an duine. Ní dhearna an Bhreatain Bheag aon tagairt fhollasach d'idirghníomhú le daoine eile mar chuid dá ‘scileanna lárnacha’ ach tá téama traschuraclaim aici maidir le caidrimh agus gnéasacht, chomh maith le cearta an duine agus éagsúlacht. Tá Ontario tar éis saoránacht dhomhanda agus inbhuanaitheacht a ainmniú mar phríomhinniúlacht aisti féin.

**Inphearsanta:** Luann gach creat gné éigin de tréithe ‘laistigh den duine’ agus b'fhéidir go bhfuil níos mó éagsúlachta sa bhrí a bhaineann leis an inniúlacht seo ná in áiteanna eile. Déanann snáithe amháin tagairt go príomha do bhainistiú an duine féin mar fhoghlaimeoir, a bheith éifeachtach go pearsanta, a bheith dírithe ar staidéar agus ar ghairm, spriocanna a leagan síos, a bheith féinstiúrtha agus féinrialaithe, béim a chur ar an duine féin mar fhoghlaimeoir maidir le spriocanna a bhaint amach agus ullmhú don fhoghlaim amach anseo. Díríonn snáithe eile aird ar chineál difriúil neamhspleáchais, a bheith in ann cearta (an Nua-Shéalainn) a dhearbhú agus a chosaint, féiniúlacht dhearfach chultúrtha agus shóisialta bheith acu (British Columbia), a bheith in ann cur go dearfach leis an tsochaí. Tá forluí idir an brí dheiridh seo a bhaineann le freagracht shibhialta agus an tagairt do bheith rannpháirteach agus cur leis an tsochaí ar shlí níos leithne atá luaite thuas, ag meabhrú dúinn nach bhfeidhmíonn inniúlachtaí astu féin agus, go praiticiúil, go ndéanfar iad a chumasc le chéile chun spriocanna a bhaint amach (mar atá gafa in inniúlachtaí bunathraitheacha an ECFE). Léiríonn snáithe eile a tháinig chun cinn faoin gceannteideal seo an tábhacht a bhaineann le folláine shóisialta, mheabhrach agus fhisiceach (an Phortaingéil), a chothabháil, a thagann aníos mar théama traschuraclaim in amanna,

amhail in oideachas sláinte nó scileanna foghlama sóisialta-mhothúchánacha. Seasann creat na Portaingéile go háirithe mar chreat a ghlacann cur chuige iomlánaíoch.

**Litearthacht:** Luaitear litearthacht teanga, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach sna creataí go léir. B'fhéidir nach ábhar iontais é seo toisc go bhfuil feidhm ag na creataí ón mbunscoil inar measadh le fada gur bunscileanna traschuraclaim iad teanga, litearthacht agus uimhearthacht. Tá litearthacht dhigiteach an-fheiceálach freisin agus tugadh údarás breise di i roinnt creataí, mar shampla, tá sí á cur leis go sainráite mar limistéar foghlama (an Ísiltír) nó tá sí á déanamh éigeantach (Tuaisceart Éireann, an Bhreatain Bheag).

**Téamaí traschuraclaim, ábhair thrasdisciplíneacha, dúshláin an 21ú haois:** San áireamh faoin gceannteideal seo tá meascán ábhar, uaireanta lipéadaithe mar fhoghlaim thraschuraclaim nó peirspictíochtaí, nó mar thopaicí trasdisciplíneacha a théann thar ghnáth-theorainneacha ábhar aonair. De ghnáth bíonn an fócas trasdisciplíneach ar an rud dá ngairtear dúshláin an 21ú haois – athrú aeráide agus inbhuanaitheacht, comhionannas domhanda, teicneolaíocht, sláinte agus folláine, nó tá tábhacht chultúrtha ar leith ag baint leo (Peirspictíocht bhundúchasach i gcás British Columbia). Maidir le creat príomhinniúlachta a choincheapú, tá na ceisteanna a sainaithníodh tar éis an athbhreithnithe ar na creataí idirnáisiúnta (Tábla 5) fós ann. Maidir le dearadh agus pleanáil churaclaim, ar chóir féachaint ar na topaicí curaclaim ‘nua’ seo mar thopaicí curaclaim/réimsí ábhair atá ag teacht chun cinn as a stuaim féin agus/nó mar phríomhinniúlachtaí atá le comhtháthú ar fud an churaclaim, mar a bheifí ag súil leis ó phríomhinniúlachtaí eile i gcreat. Níor chuir an chomparáid ar fud na ndlínsí mórán soiléireachta leis. Mar shampla, ní hamháin gur shainaithin Ontario saoránacht agus inbhuanaitheacht dhomhanda mar phríomhinniúlacht a shuíonn go sainráite in éineacht leis na príomhinniúlachtaí eile, ach áirítear leis oideachas comhshaoil mar réimse foghlama traschuraclaim.

## 4.3 Conclúidí ó na comparáidí creata

Ó chomparáid a dhéanamh idir creataí idirnáisiúnta agus ó dhlínsí ar leith, is féidir teacht ar roinnt conclúidí:

Tá go leor forluí idir na creataí – idir creataí agus dlínsí idirnáisiúnta, agus idir an creat a ndearnadh athbhreithniú air sa tuarascáil seo i dTuarascáil Bunscoile CNCM 2018. Tá go leor crostagartha ann freisin a threisíonn na forluí sin. É sin ráite, tá comhdhearcadh ag teacht chun cinn, bíodh is nach bhfuil aon fhreagra ceart iomlán ag aon duine, de réir mar a dhéanann dlínsí a leaganacha deiridh a oiriúnú agus a mhodhnú chuig comhthéacsanna beartais áitiúla.

Ag filleadh ar an spreagadh bunaidh chun spriocanna foghlama níos leithne a chur isteach i gcuraclam atá dírithe ar an todhchaí, is féidir dhá chineál freagairtí éagsúla a aithint:

Aithnítear sa chéad chineál freagartha an gá atá le cineál foghlama níos dírithe ar an duine, atá cumtha mar phríomhinniúlachtaí chun eolas, scileanna, meonta, dearcthaí agus luachanna a áireamh. Dírítear ar chumhacht scileanna/meonta/luachanna le haghaidh foghlaim níos doimhne agus eolas a fhorbairt laistigh de chomhthéacs eolais ar leith agus a d'fhéadfadh cabhrú le haistriú thar chomhthéacsanna. Tá an cur chuige seo neodrach den chuid is mó maidir leis an gcaoi a gcumtar ábhar an eolais – ábhair scoile thraidisiúnta, réimsí foghlama, crosdisciplíneach nó eolas trasdisciplíneach. Tá an t-idirghníomhú idir an t-eolas/na scileanna/na meonta/na luachanna ag croílár an chur chuige chomh maith le cumas an fhoghlaimeora naisc a dhéanamh a fhorbairt. Baineann na príomhinniúlachtaí a shainaithnítear go rialta sa chur chuige seo atá dírithe ar an duine le hinniúlacht chognaíoch (bealaí smaointeoireachta), inniúlacht idirphearsanta (bealaí chun idirghníomhú) agus inniúlacht inphearsanta (bealaí chun an duine féin a bhainistiú chun críocha foghlama agus páirt a ghlacadh sa tsochaí ar shlí níos leithne). Is féidir uirlisí foghlama, na litearthachtaí, a thréithriú ar an mbealach seo freisin toisc go bhfuil siad ró-neodrach den chuid is mó maidir le réimse eolais, agus aithnítear go forleathan gur cineálacha foghlama traschuraclaim iad.

I gcodarsnacht leis sin, tá an dara cineál freagartha níos dírithe ar eolas agus díríonn sé ar an ngá atá le roinnt atheagrú a dhéanamh ar theorainneacha eolais ábhair agus ar chur chuige níos trasdisciplíní maidir le roghnú topaicí chun freagairt do dhúshláin choincheapúla agus phraiticiúla an 21ú haois. Tá scileanna/meonta/luachanna ag teastáil chun foghlaim níos doimhne a dhéanamh sna réimsí eolais níos nuaí seo freisin, ach is gnách go n-ainmnítear na cineálacha foghlama ag nádúr an dúshláin a chuirtear i láthair seachas na scileanna/meonta/luachanna, mar shampla, saoránacht agus inbhuanaitheacht dhomhanda, inniúlacht dhomhanda, oideachas ar mhaithe le hinbhuanaitheacht, feasacht ar na meáin, oideachas sláinte, oideachas ar mhaithe le folláine.

Is léir go bhfuil teannas idir an dá chur chuige agus dearthóirí curaclaim ag iarraidh iad a réiteach, mar shampla, cinneadh a dhéanamh ar cheart a bheith ag foghlaim le bheith rannpháirteach sa tsochaí/phobal agus a bheith ag cur léi a chumadh mar phríomhinniúlacht, mar ábhar 'nua' nó mar théama traschuraclaim. Tá ceist an chothromais ann freisin, go háirithe nuair a dhírítear ar an mheánscoil shinsearach, áit a mbíonn roinnt cosán roghnach go minic d'fhoghlaimeoirí chun tabhairt faoi, agus roghanna laistigh de chonair amháin fiú. Bheadh sé tábhachtach go mbeadh an deis ag GACH foghlaimeoir taithí a fháil ar na spriocanna foghlama níos leithne seo, cibé dóigh a gcumtar iad.

Ar na cúiseanna sin go léir, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach agus machnamh á dhéanamh ar chreat don tSraith Shinsearach chun raon feidhme na gcatagóirí 'pearsanta' a leathnú chuig rangú ceithre

threo chun gnéithe den ghníomhaireacht chomhchoiteann a léirítear faoi na ceannteidil thrasdisciplíneacha a áireamh, agus chun fuinneamh a chur arís sna scileanna/meonta/luachanna a theastaíonn le haghaidh gníomhaíocht chomhchoiteann lasmuigh den ghníomh pearsanta. Ar mhaithe le soiléireacht, d'fhéadfadh na hainmneacha a bheith: Bealaí Smaointeoireachta, Bealaí le hIdirghníomhú le Daoine Eile, Bealaí chun a bhFoghlaim Féin a Bhainistiú agus Bealaí le bheith Rannpháirteach sa tSochaí (ag tarraingt ar ghnéithe den idirphearsanta agus inphearsanta araon).

Ag an gcéim seo is fiú a mheabhrú do léitheoirí cé go dtarraingítear catagóirí inniúlachta lárnacha óna chéile agus go ndéantar mionscrúdú orthu chun a sainiúlacht a thuiscint, go praiticiúil oibríonn siad le chéile nuair a bhíonn dúshlán foghlama os comhair foghlaimeoirí. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh scoláire ag obair ar fhadhb (cognaíoch) a réiteach mar chuid de thionscadal grúpa (idirphearsanta) agus beidh air/uirthi a c(h)uid foghlama féin a bhainistiú maidir le leanúint ar aghaidh leis i bhfianaise deacrachta agus b'fhéidir mothúcháin éagumasacha a bhainistiú i gcomparáid le daoine eile sa ghrúpa (inphearsanta). Níl aon amhras ach go mbainfidh an scoláire úsáid as réimse litearthachtaí - ábhair léitheoireachta, b'fhéidir sonraí uimhriúla a léirmhíniú, agus an t-idirlíon a chuardach. Ní féidir cumhacht iomlán cur chuige inniúlachta don fhoghlaim a bhaint amach ach amháin nuair a oibríonn siad le chéile ar an mbealach seo, pointe a tarraingíodh amach i smaoineamh inniúlachtaí ’claochlaitheacha’ de chuid Learning Compass an ECFE.

# 5 I dTreo Creat Príomhinniúlachta don tSraith Shinsearach

Is é cuspóir na míre seo ná díriú ar mholtaí níos sonraí faoi phríomhinniúlachtaí don tSraith Shinsearach. Beidh trí chuid sa mhír:

- Achoimre ar na príomhchonclúidí ó na míreanna roimhe seo ar na forbairtí is déanaí i dtaighde príomhinniúlachta, agus ó na hathbhreithnithe comparáideacha ar chreataí inniúlachta.
- Toisc nár nocht an t-athbhreithniú aon rud ar leith don mheánscoil shinsearach, úsáidfear na cuspóirí agus na treoirphrionsabail ó Thuarascáil Chomhairleach ar an tSraith Shinsearach de chuid CNCM chun tosaíochtaí agus ailínithe a sheiceáil.
- Ansin déanfar athbhreithniú ar Chreat Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí CNCM (2009) chun a fháil amach an bhfuil sé oiriúnach i gcónaí don chuspóir agus/nó cad iad na slite, más ann dóibh, ina gcaithfear é a athnuachan i bhfianaise na slite inar forbraíodh peirspictíochtaí inniúlachta agus scileanna ó ceapadh an creat den chéad uair sa tréimhse ó 2006 go 2009, agus an fhís don tSraith Shinsearach athfhorbartha.

## 5.1 Príomhchonclúidí ón athbhreithniú go dtí seo

- Freagairt is ea cur chuige príomhinniúlachta ar an ngá atá le spriocanna foghlama níos leithne a chur san áireamh i gcuraclam scoile do gach aois. De ghnáth, tagraíonn spriocanna foghlama níos leithne d'fhoghlaim lasmuigh de theorainneacha na n-ábhar scoile traidisiúnta, agus é mar aidhm acu foghlaim a dhoimhniú agus foghlaimeoirí a ullmhú le haghaidh dúshláin an 21ú haois.
- Rinneadh ollstruchtúr príomhinniúlachta a bheachtú chun eolas, scileanna, luachanna/meonta a áireamh. Léiríonn sé seo athrú ó thaobh brí de taobh amuigh de scileanna amháin. É sin ráite, leanann go leor creataí ag úsáid an téarma ‘scileanna', cé go mbíonn an bhrí intuigthe ag teacht níos minice le hollstruchtúr inniúlachta.
- Le go mbeidh inniúlacht ina ‘príomhinniúlacht’ ba cheart go mbeadh feidhm leathan aici d’fhoghlaim scoláire, dá chuid foghlama reatha agus amach anseo, foghlaim ar fud a shaoil agus ar feadh a shaoil araon. Tugann ‘príomhinniúlachtaí’ le tuiscint go bhfuil siad tábhachtach do GACH scoláire (ní do dhream bheag ar leith), gur féidir iad a fhoghlaim agus a chleachtadh le sofaisticiúlacht agus aibíocht mhéadaithe ag brath ar an gcomhthéacs agus ar aois/taithí an fhoghlaimeora. Mar sin táthar ag súil go rachaidh foghlaim na scoláirí chun cinn maidir le sealbhú, cleachtadh agus gnóthachtáil phríomhinniúlachta.
- Chun go mbeidh feidhm leathan ag príomhinniúlachtaí, caithfidh siad a bheith infheicthe ag an bhfoghlaimeoir trí chuir chuige oideolaíocha agus trí mhachnamh an fhoghlaimeora féin.

Is ansin amháin is féidir cur chuige uileghabhálach príomhinniúlachta a acmhainneacht a bhaint amach chun cabhrú le scoláire foghlaim conas le foghlaim.

- Tá príomhinniúlachtaí idirghaolmhar agus is cumhachtaí iad nuair a oibríonn siad le chéile chun an fhoghlaim a athrú ó bhonn, dá bhrí sin tháinig an téarma inniúlachtaí 'claochlaitheacha' chun cinn. Cuireann príomhinniúlachtaí ar chumas na scoláirí gníomhú i bhfianaise dúshlán casta, tuiscint a fháil ar 'fios a bheith ar an rud le déanamh' chomh maith le 'fios a bheith acu cad atá i gceist '.
- Áirítear cuir chuige mhalartacha chun spriocanna foghlama níos leithne a ghlacadh i gcreataí príomhinniúlachta , trí chur síos ar eolas/scileanna/meonta a thagraíonn do na nithe seo a leanas; (1) foghlaim phearsanta, amhail bealaí smaointeoireachta, bealaí chun idirghníomhú, bealaí chun an duine féin a bhainistiú; (2) uirlisí foghlama, amhail léitheoireacht, uimhearthacht agus foghlaim dhigiteach/ilmheán; agus (3) réimsí eolais nua a aithint, atá crosdisciplíneach nó trasdisciplíneach den chuid is mó, a bhaineann le dúshláin an 21ú haois. Cuimsíonn go leor creataí an trí chur chuige, bíodh is nach gcuimsítear iad ar fad i ngach creat. Tá iarmhairtí difriúla ag na cuir chuige mhalartacha maidir le dearadh curaclaim agus pleanáil churaclaim.
- Tá leanúnachas nach beag ann maidir le rangú na scileanna/luachanna/meonta nach mór a mheas mar rud ríthábhachtach maidir le foghlaim phearsanta. Is iad na catagóirí **cognaíocha** (bealaí smaointeoireachta), **idirphearsanta** (bealaí le hidirghníomhú) agus **inphearsanta** ( bealaí chun an duine féin a bhainistiú). Mar sin féin, is fiú scrúdú níos mine a dhéanamh ar a bhfuil san áireamh, go háirithe sna catagóirí idirphearsanta agus inphearsanta. Tagann dhá chiall chun cinn, i roinnt creataí ar a laghad. Mar shampla, sa chatagóir idirphearsanta, tugann an chéad bhrí idirghníomhaíochtaí agus cumarsáidí pearsanta le fios mar atá i ngrúpaí scoile nó teaghlaigh, agus cuireann an dara brí idirghníomhaíochtaí lasmuigh den rud pearsanta in iúl, amhail a bheith rannpháirteach agus a bheith ag cur leis an bpobal níos leithne agus an tsochaí. Is féidir idirdhealú den chineál céanna a fheiceáil laistigh den chatagóir inphearsanta. Déanann an chéad bhrí tagairt don duine féin a bhainistiú mar fhoghlaimeoir i dtaca le foghlaim fhéintreoraithe, spriocanna pearsanta a bhaint amach agus mar sin de, agus léiríonn an dara brí cineál difriúil neamhspleáchais, trí fhreagracht shibhialta a ghlacadh agus a fheidhmiú agus trí ionchuir a dhéanamh mar chuid de ghrúpa comhchoiteann chomh maith le duine aonair.
- Snáithe eile a tháinig chun cinn sa chatagóir inphearsanta a théann níos faide ná an fócas sonrach atá ag an duine féin a bhainistiú mar fhoghlaimeoir ná brí níos leithne 'aire a thabhairt

duit féin' - chun an chuid sóisialta agus mothúchánach den duine féin, meabhairshláinte agus folláine a chur san áireamh sa chomhthéacs leathan.

- D'fhonn miondifríochtaí na brí a thuairiscítear thuas a ghabháil, is é an moladh ná an rangú 3 bhealach thuas a leathnú go dtí rangú ceithre bhealach agus na catagóirí a athainmniú chun débhríocht faoina bhfuil i gceist a sheachaint. Is iad seo a leanas ainmneacha molta don rangú ceithre bhealach: **Bealaí Smaointeoireachta; Bealaí le hIdirghníomhú le Daoine Eile; Bealaí chun a bhFoghlaim Féin agus an Duine féin a Bhainistiú (lena n-áirítear an tagairt d'fholláine); Bealaí le bheith Rannpháirteach sa tSochaí.** Is rangú sealadach é an rangú molta seo, go dtí go ndéanfar breithniú ar na prionsabail agus na tosaíochtaí don tSraith Shinsearach amach anseo.
- I gcreataí príomhinniúlachta le blianta beaga anuas, tá níos mó feiceálachta ag baint le coincheap gníomhaithe an scoláire agus leathnaíodh an bhrí sin trí choincheap an chomhghníomhaithe a chur leis, ag aithint thábhacht an idirdhealaithe idir cur ar chumas scoláire gníomhú mar dhuine aonair ar mhaithe leo féin agus mar chuid de chomharghrúpa ar son leas sochaíoch agus domhanda.
- Tá litearthachtaí, mar uirlisí foghlama, san áireamh i bhformhór na gcreataí. Taobh amuigh de litearthacht dhigiteach, meastar gur gnéithe bunúsacha iad léitheoireacht agus uimhearthacht agus déantar talamh slán díobh i bhfoghlaim níos déanaí.
- Tá roinnt leagan de na topaicí 21ú haois níos nuaí san áireamh i bhformhór na gcreataí agus tá teannas ann faoin gcaoi is fearr iad a dhearadh sa churaclam. I ndeireadh na dála, d'fhéadfadh sé a bheith níos oiriúnaí dá ndéanfaí na réimsí curaclaim seo atá ag teacht chun cinn a rangú mar chomhpháirt an 'eolais' den teaglaim eolais, scileanna, luachanna/meonta, agus dá bhrí sin go gcaithfí leo ar an mbealach céanna le haon réimse eolais curaclaim eile. Is é an riosca anseo, má tá conairí nó topaicí roghnach, go mb'fhéidir nach mbeadh rochtain ag gach scoláire ar staidéar a dhéanamh ar na réimsí níos nuaí seo.
- Ar deireadh, ba cheart a rá arís agus arís eile go mbíonn príomhinniúlachtaí agus creataí gaolmhara a ndearnadh athbhreithniú orthu i bhfeidhm thar gach céim den bhunoideachas agus den oideachas meánscoile, agus nach gnách go mbíonn a n-ábhar curtha in oiriúint do chéim ar leith, mar shampla Ardteistiméireacht na Sraithe Sinsearaí. Mar sin féin, cé go bhfuil siad infheidhme maidir le gach céim, is é an t-ionchas go bhfoghlaimítear príomhinniúlachtaí agus go gcleachtar iad le sofaisticiúlacht agus máistreacht mhéadaithe, de réir mar a théann foghlaimeoirí ar aghaidh trína dturas oideachais agus aghaidh á tabhairt acu ar dhúshláin foghlama nua agus níos casta.

## 5.2 Ailíniú le fís CNCM don tSraith Shinsearach

Mar gheall nach bhfuil an taighde ná an t-athbhreithniú comparáideach déanta ar phríomhinniúlachtaí a bhaineann go sonrach leis an gcéim shinsearach den mheánoideachas, fillfidh mé ar Thuarascáil Chomhairleach ar an tSraith Shinsearach CNCM (2022) chun an fhís, na cuspóirí agus na tosaíochtaí a cuireadh in iúl cheana don tSraith Shinsearach leasaithe a scrúdú, chun treoir a thabhairt don treo maidir le cad ba cheart a chur san áireamh le haghaidh creat príomhinniúlachta cuí.

Aithnítear cheana féin sa Tuarascáil Chomhairleach ar an tSraith Shinsearach an tábhacht a bhaineann le forbairt chomhtháite eolais, scileanna, luachanna agus meonta, atá ag croílár cur chuige príomhinniúlachta, ag aithint na mbuntáistí oideachais a bhaineann le **bheith follasach** faoi na comhchodanna seo chomh maith leis na buntáistí foghlama cumhachtacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint lena gcomhtháthú agus lena gcomhcheangal.

Sa mhír ar chuspóir, ar fhís agus ar phrionsabail na sraithe sinsearaí nua, luaitear go sonrach -

> *"cabhrú le gach scoláire a bheith níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla agus é ag déanamh tuilleadh forbartha ar a chuid eolais, scileanna, agus meonta ar bhealach comhtháite. "   (CNCM, 2022, lch.20)*

Ina theannta sin, luaitear cuspóir go sonrach sa ráiteas, ag aithint gur chóir go gcuirfeadh oideachas na scoláirí leis an duine aonair agus le suimeanna sochaíocha níos leithne araon ag an bpointe seo, agus gur chóir don tsraith shinsearach:

> *"…..freastal ar chuspóirí coiteanna agus aonair i scoileanna agus suíomhanna oideachais eile agus sa tsochaí níos leithne." (CNCM, 2022, lch.20)*

Is mór an chabhair iad na treoirphrionsabail sa tuarascáil chun na hinniúlachtaí ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh lena gcur san áireamh i gCreat na Sraithe Sinsearaí a aithint. Tá cúig cinn de na prionsabail seo an-ábhartha mar leagann siad béim ar ghnéithe de spriocanna níos leithne d'fhoghlaim na scoláirí, d'idirghníomhaíochtaí sa seomra ranga agus do chultúr na scoile, i gcomhréir le rún aon chreat príomhinniúlachta.

Taispeánann Tábla 7 an nasc atá idir creat príomhinniúlachta molta atá ag chun cinn mar thoradh ar an athbhreithniú reatha agus treoirphrionsabail CNCM.    Nascann an tábhacht a bhaineann le **Bealaí le hIdirghníomhú le Daoine Eile** le prionsabal na Folláine agus Caidrimh chomh maith leis na luachanna taca a chuirtear in iúl i bprionsabal **Oideachas Ionchuimsitheach agus Éagsúlacht.**   Tá cuimsiú fócais níos follasaí ar fholláine laistigh de na **Bealaí chun an Fhoghlaim agus an Duine Féin a Bhainistiú** ag teacht leis an bprionsabal Folláine agus Caidrimh.  Baineann **Bealaí Smaointeoireachta** go soiléir leis an bprionsabal **Dúshlán, Rannpháirtíocht agus Cruthaitheacht.**  Léiríonn an t-idirdhealú

idir gníomhú pearsanta, **Bealaí chun an Fhoghlaim agus an Duine Féin a Bhainistiú,** agus an comhghníomhú, **Bealaí le bheith Rannpháirteach sa tSochaí,** na difríochtaí idir na prionsabail **Foghlaim le Foghlaim, Foghlaim ar Feadh an tSaoil**, agus **Rannpháirtíocht agus Saoránacht** Tugann an leibhéal ailínithe dearbhú áirithe go bhfuil sé d'acmhainn ag an gcreat beartaithe treoirphrionsabail CNCM don tSraith Shinsearach a léiriú, agus é mar aidhm foghlaim na scoláirí a chur chun cinn sna treoracha sin.

Níl na trí phrionsabal eile, **Rogha agus Solúbthacht, Leanúnachas agus Aistrithe agus Timpeallachtaí Foghlama agus Comhpháirtíochtaí,** chomh hábhartha láithreach maidir le *hábhar* an chreata, cé go mbeidh siad tábhachtach agus machnamh á déanamh ar a mhéid is féidir le scoláirí rochtain a fháil ar na príomhinniúlachtaí (agus rogha agus conairí éagsúla acu), conas a thacaítear leis an bhfoghlaim ar fud na Sraithe Sinsearaí (maidir le dul chun cinn a mhéadú), agus na bealaí ina dtugann timpeallacht foghlama scoile deiseanna do scoláirí na hinniúlachtaí a fháil agus a chleachtadh i suíomhanna barántúla.

<table>
<tr><th colspan="4">Tábla 7 Treoirphrionsabail Ailínithe don tSraith Shinsearach agus Rangú Príomhinniúlachta Molta</th></tr>
<tr><th rowspan="2">Treoirphrionsabail don tSraith Shinsearach</th><th colspan="3">Rangú Príomhinniúlachta Molta don tSraith Shinsearach</th></tr>
<tr><th>Eolas</th><th>SCILEANNA</th><th>Luachanna/Meonta</th></tr>
<tr><td>Folláine agus caidreamh<br><br>Cuireann eispéiris an scoláire ar scoil agus i suíomhanna oideachais eile agus sa tsochaí níos leithne díreach lena fhorbairt iomlánaíoch. Tacaítear le heispéiris an scoláire le linn na sraithe sinsearaí i ngach caidreamh atá aige le múinteoirí, comhscoláirí, tuismitheoirí agus daoine fásta tábhachtacha eile.</td><td colspan="3">Bealaí chun Idirghníomhú le Daoine Eile:<br>(idirphearsanta leis an bhfócas ar fhoghlaim i ngrúpaí, le piaraí agus múinteoirí)<br><br>Bealaí chun an Fhoghlaim agus an Duine Féin a Bhainistiú<br>(fócas ar an bhfolláine)</td></tr>
<tr><td>Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht<br><br>Tá tábhacht ag baint le gach aon scoláire in eispéireas oideachais na sraithe sinsearaí, agus tá meas ar luach na héagsúlachta agus an méid is féidir le gach scoláire a dhéanamh. Bíonn eispéiris thaitneamhacha ag gach scoláire in oideachas na</td><td colspan="3">Bealaí chun Idirghníomhú le Daoine Eile:<br>(idirphearsanta le fócas ar leith ar luachanna na héagsúlachta agus an ionchuimsithe)</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| sraithe sinsearaí agus baineann sé torthaí fiúntacha as. | |
| **Dúshláin, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht**<br><br>Bíonn oideachas dúshlánach, tarraingteach agus ardchaighdeáin ag an scoláire, le deiseanna le haghaidh foghlaim atá nua agus domhain. Bíonn deiseanna ann chomh maith do smaointeoireacht chriticiúil, chruthaitheach agus nuálach. | **Bealaí Smaointeoireachta**<br>(cognaíoch, le béim ar fhoghlaim dhomhain, smaointeoireacht chriticiúil, chruthaitheach agus nuálach) |
| **Foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol**<br><br>Forbraíonn an scoláire a neamhspleáchas agus a thuiscint maidir leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn sé; neartaíonn sé a chumas chun déileáil le dúshláin an tsaoil laistigh de agus i ndiaidh na scoile; agus bíonn deiseanna dara seans aige don fhoghlaim agus don mheasúnú. | **Bealaí chun an Fhoghlaim agus an Duine Féin a Bhainistiú**<br><br>(inphearsanta, agus an fócas ar fhoghlaim le foghlaim, spriocanna pearsanta agus féin-éifeachtúlacht) |
| **Rannpháirtíocht agus saoránacht**<br><br>Bíonn an scoláire rannpháirteach ar scoil, ina phobal agus sa tsochaí, ag feidhmiú a cheart mar shaoránach áitiúil, náisiúnta agus domhanda ar bhealach eiticiúil agus inbhuanaithe. | **Bealaí le bheith Rannpháirteach sa tSochaí**<br>(fócas ar chomhghníomhú, thar an ngníomhú pearsanta) |

### 5.3 Creat Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí a Athbhreithniú agus a Athnuachan

Foilsíodh an Creat Príomhscileanna don tSraith Shinsearach reatha in 2009 ach cuireadh tús leis níos luaithe ná sin. Cruthaíodh, dearadh agus athraíodh é idir 2006 -2009 nuair a críochnaíodh obair mhór forbartha agus phíolótach le samplaí de scoileanna, múinteoirí agus scoláirí (Dempsey, 2016). Tá cúig phríomhscil san áireamh sa chreat: próiseáil faisnéise; smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach; cumarsáid; oibriú le daoine eile; agus a bheith éifeachtach go pearsanta, leis an bhfoghlaimeoir mar fhócas lárnach (mar atá leagtha amach i léaráid agus sa téacs a ghabhann leis chomh maith). Tugtar breac-chuntas ar fhealsúnacht ghinearálta agus rún an chreata sa téacs réamhráiteach (Creat Príomhscileanna don tSraith Shinsearach | CNCM

Is í an cheist a chuirtear anseo ná: Cad é mar atá an Creat Príomhscileanna reatha i gcomparáid le forbairtí níos déanaí i dtaighde príomhinniúlachta agus na n-anailísí comparáideacha a tuairiscíodh sna codanna roimhe seo? Déanfaidh mé athbhreithniú air ar thrí bhealach:

- Maidir leis an **'ollstruchtúr' choincheapúil** a bhaineann le príomhinniúlacht agus a mhéid a chuireann sé na trí chomhpháirt struchtúracha in iúl go sainráite – eolas, scileanna, luachanna/meonta;
- Maidir le **rangú agus ábhar** na bpríomhscileanna a chuimsítear agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad oiriúnach don fheidhm agus an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann siad ionchais threoirphrionsabail CNCM;
- Maidir leis an **rún uileghabhálach de** chreat **príomhinniúlachta** le bheith curtha i bhfeidhm ar fud an churaclaim agus aitheanta mar sin, ní hamháin ag na dearthóirí curaclaim ach ag scoileanna, múinteoirí agus go háirithe ag na scoláirí féin.

**Eolas, scileanna, luachanna/meonta:** Sainmhínítear príomhinniúlachtaí go rialta sna téarmaí seo anois agus an rud a thugaim air ná ollstruchtúr coincheapúil príomhinniúlachta. Mar a thugann an t-ainm le fios, is ar ghné na scileanna go príomha a dhíríonn Creat Príomhscileanna CNCM. Léiríonn sé seo an dearcadh a bhí ann ag an am a ceapadh an creat. É sin ráite, glacann an creat le seasamh sainráite maidir le comhtháthú na scileanna le heolas ar an ábhar,

> *"tiocfaidh foghlaimeoirí ar na príomhscileanna go minic agus ar bhealach comhtháite in go leor réimsí den churaclam. De réir mar a fhorbrófar gach ábhar nua, gach gearrchúrsa nó gach aonad aistrithe, beidh na príomhscileanna leabaithe sna torthaí foghlama." (CNCM, 2009, lch 2).*

Taispeánann scrúdú ar shonraíochtaí modúl le déanaí (m.sh., Feidhmeanna Matamaiticiúla ATF, 2021, agus Béarla agus Cumarsáid ATB, 2021) go bhfuil béim ar na príomhscileanna go soiléir sna doiciméid, le tuairiscí breise ar an gcaoi a mbaintear amach iad ar fud na modúl. Mar sin níl aon amhras ach go dtugtar cuntas ar ghné eolais na príomhinniúlachta ó thaobh an churaclaim laistigh den ábhar. Is é an baol atá ann, ó thaobh an scoláire de, go mbeadh na príomhscileanna 'faoi thalamh' i dteagasc an ábhair agus go mbeadh a bhfeidhm ghinearálta ar fud an churaclaim doiléir.

Maidir le luachanna/meonta, is beag trácht a dhéantar orthu seo go sainráite sna príomhthorthaí foghlama scileanna. Is féidir ráiteas níos láidre faoi luachanna agus meonta a fháil i 'bhfís an fhoghlaimeora', áfach, atá le feiceáil faoi láthair i ngach sonraíocht ábhair/mhodúil, faoi na ceannteidil "Acmhainneach ", "Muiníneach ", "Gafa", "Foghlaimeoirí Gníomhacha ". Luaitear roinnt meonta/luachanna a thiocfadh go héasca leis na príomhscileanna sa chreat ansin, mar shampla, fiosracht, leathanaigeantacht, foghlaim a nascadh, tiomantas don fhoghlaim, déileáil le buillí, leibhéil arda féin-éifeachtúlachta a bheith acu. Bheadh cur in iúl níos láidre de dhíth laistigh de chreat inniúlachta chun na spriocanna foghlama inmhianaithe seo a bhaint amach.

**Rangú agus ábhar an chreata reatha:** Maidir leis na cineálacha réimsí foghlama atá clúdaithe ag na cúig phríomhscil sa chreat, mhair siad den chuid is mó. Is iad na heisceachtaí ná nach bhfuil aon ionchas sonrach ann go bhforbróidh scoláirí a n-inniúlacht maidir lena dtodhchaí mar shaoránaigh, go háitiúil agus ar fud an domhain araon, agus nach bhfuil ach léiriú teoranta ann ar thábhacht na folláine agus na héifeachtachta pearsanta. Chun míniú breise a thabhairt, is féidir na cúig phríomhscil a mhapáil chuig an rangú inniúlachta molta ar na bealaí seo a leanas:

| **Tábla 8 An Rangú Príomhinniúlachta Molta a Mhapáil leis an gCreat Príomhscileanna roimhe seo** | | | |
|---|---|---|---|
| **Creat Príomhinniúlachta Molta don tSraith Shinsearach** | | | **Creat Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí Roimhe seo** |
| **Eolas** | **SCILEANNA** | **Luachanna/Meonta** | **Bunscileanna** |
| **Bealaí Smaointeoireachta**<br>(cognaíoch, le fócas ar fhoghlaim dhomhain, smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach agus nuálaíocht) | | | **Próiseáil faisnéise**<br>**Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach** |
| **Bealaí chun Idirghníomhú le Daoine Eile:**<br>(idirphearsanta, le fócas go príomha ar fhoghlaim agus ar chumarsáid i ngrúpaí, le piaraí, múinteoirí, leis an teaghlach) | | | **Obair le daoine eile**<br>**Cumarsáid** |
| **Bealaí chun an Fhoghlaim agus an Duine Féin a Bhainistiú**<br>(inphearsanta, le fócas ar spriocanna pearsanta, foghlaim le foghlaim, agus ar ghníomhú pearsanta)<br>(inphearsanta, le fócas ar fholláine agus ar fhorbairt iomlánaíoch) | | | **A bheith éifeachtach ar bhonn pearsanta** |
| **Bealaí le bheith Rannpháirteach sa tSochaí**<br>(fócas ar inniúlacht choiteann ghníomhaithe a fhorbairt, thar inniúlacht ghníomhaithe pearsanta, agus é mar aidhm ann an inniúlacht a bheith rannpháirteach mar shaoránach, go háitiúil agus go domhanda, a fhorbairt) | | | Ní luaitear seo go sonrach, fiú faoi na ceannteidil eile |

Cé go léiríonn an Creat Príomhscileanna go soiléir an chaoi ar féidir leis na cúig phríomhscil obair le chéile ar mhaithe le 'foghlaim cén chaoi le foghlaim', is é aidhm na foghlama sin go príomha ná bheith 'éifeachtach go pearsanta', ó thaobh a bheith in ann do chuid láidreachtaí agus laigí féin a mheas, an fhoghlaim a fheabhsú, spriocanna pearsanta a aithint, agus tréithe pearsanta a fhorbairt a chabhróidh leat agus tú ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin, agus mar sin de. Faoi mar a athbhreithníodh sna codanna níos túisce, is minic a thugtar faoi deara an bhearna idir na gnéithe pearsanta agus coiteanna, agus ní bhíonn bearna ann nó bíonn sí neamhchinnte i gcreataí eile a ndearnadh athbhreithniú orthu. Mar gheall air sin, is é an moladh atá ann ná an dá chiall a scaradh óna chéile ina ndá chumas faoi leith. Tagann an scaradh seo níos mó le treoirphrionsabail agus ionchais na Sraithe Sinsearaí athbhreithnithe. D'fhéadfadh sé freisin cabhrú le plé leis an gclár níos leithne foghlama maidir leis an

21ú haois gur tugadh isteach mar phríomhinniúlacht Bealaí le bheith Rannpháirteach sa tSochaí. É sin ráite, d'fhéadfadh dúshláin nua a bheith ann maidir le dearadh curaclaim ó thaobh bealaí a aimsiú lena chomhtháthú i dteagasc ábhar sa churaclam.

**Cuspóir uileghabhálach creata príomhinniúlachtaí:** Le hathrá a dhéanamh ar phointe ón bplé a rinneadh níos túisce ar ghnéithe inmhianaithe creata príomhinniúlachtaí agus na rudaí a dhéanann 'príomha' é, ná gur cheart go gcuirfeadh sé deiseanna foghlama ar fáil thar réimsí éagsúla, go gcabhródh sé le scoláirí naisc a dhéanamh, agus go n-éascódh sé an t-aistriú foghlama, agus uaidh seo a thagann an téarma níos sine, scileanna 'inaistrithe'. Glactar leis go forleathan sa Chreat Príomhscileanna reatha go mbíonn príomhscileanna i gceist thar an gcuraclam ar fad agus aithnítear seo sa bhealach ina bhfuil siad á gcomhtháthú i sonraíochtaí na n-ábhar. Ach chun na cuspóirí a bhaineann leis mar chreat uileghabhálach a bhaint amach, is gá go dtabharfaidh an fhoghlaim príomhinniúlachtaí aghaidh ar dhá threo ag an am céanna, i dtreo tuiscint agus cur i bhfeidhm níos doimhne i gcomhthéacs an teagaisc ábhar, agus chomh maith leis sin i dtreo scileanna/luachanna/meonta ionas go mbeidh siad níos feiceálaí do scoláirí. Is gá go n-aithníonn scoláirí go bhfuil saineolas á shealbhú agus á ghnóthú acu na scileanna seo a chleachtadh, ionas go bhforbraíonn siad an nós iad a chleachtadh, agus go n-aithníonn siad an tábhacht a bhaineann leo taobh amuigh den chomhthéacs inar fhoghlaim siad ar dtús iad. Go fadtéarmach, is ceist oideolaíochta é seo, ach **is gá é a dhéanamh soiléir ag leibhéal an dearaidh curaclaim chomh maith.**

Ar deireadh, taobh amuigh de phríomhscil na Cumarsáide, is beag tagairt a dhéantar do litearthachtaí eile i gCreat Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí, go háirithe inniúlacht dhigiteach, cé go gcomhtháthaítear na hinniúlachtaí seo i gcreataí príomhinniúlachtaí/príomhscileanna i gcéimeanna níos luaithe an oideachais.

## 5.4 Príomh-mholtaí maidir le claonadh agus ábhar an Chreata Príomhscileanna reatha a athnuachan

- Ba tháirge a linne é an Creat Príomhscileanna. Bhainfeadh sé tairbhe as tuiscint níos saibhre ar a bhfuil i gceist le bheith inniúil, trí ghlacadh le struchtúr na bpríomhinniúlachtaí, agus trí na luachanna/meonta a bhaineann le gach scil a léiriú níos mó.
- Agus príomhinniúlachtaí á gcomhtháthú in eolas agus teagasc ábhar, tá sé tábhachtach a chinntiú nach mbrúnn gnéithe riachtanacha an teagaisc faoi chois iad, fiú má éiríonn leo tuiscint a dhoimhniú agus cabhrú le heolas ar ábhar a fhorbairt.
- Ní mór do rún agus cuspóir uileghabhálach creata príomhinniúlachtaí a bheith an-soiléir ar fad maidir le dearadh curaclaim, forbairt ghairmiúil múinteoirí, agus cleachtais seomra ranga, go

háirithe do scoláirí. Is ansin amháin is dócha a chuirfidh sé lena bhfoghlaim fadsaoil agus lena bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.

- Maidir le rangú na bpríomhinniúlachtaí, is gá go gcuirtear san áireamh béim ar phríomhinniúlachtaí a fhorbairt atá dírithe níos mó ar an taobh amuigh, ní don ghnóthachtáil phearsanta agus fostaíocht amach anseo amháin, ach do rannpháirtíocht sa tsochaí mar shaoránach freisin. D'fhéadfadh sé seo cabhrú cuid mhór le scoláirí a ullmhú do na dúshláin a bhíonn i gceist de ghnáth i gclár foghlama an 21ú haois. Ag teacht leis an bhfócas níos leithne seo, féadfaidh sé a bheith inmholta leathnú a dhéanamh ar a bhfuil i gceist le tú féin a bhainistiú chun béim níos soiléire ar ghnéithe sóisialta agus mothúchánacha an duine agus na folláine a thabhairt isteach. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh deiseanna eile a bheith sa tSraith Shinsearach athnuaite maidir le haonaid nó ábhair nua a chur san áireamh, aonaid nó ábhair a bhainfeadh ar bhealach níos dírithe le topaicí trasdisciplíneacha amhail inbhuanaitheacht, folláine agus sláinte, neamhionannais áitiúla agus dhomhanda.
- I bhfianaise an fhócais ar an gcruthaitheacht i gceann de na Treoirphrionsabail - *Dúshláin, Rannpháirtíocht agus Cruthaitheacht* - d'fhéadfadh sé a bheith cliste scóip na hinniúlachta sin (i dtéarmaí na nuálaíochta, na fionnachtana, agus na smaointeoireachta fiontraíochta) a leathnú chun béim níos mó a chur ar an mbealach smaointeoireachta sin agus chun aird níos mó a tharraingt air mar phríomhinniúlacht. Faoi láthair, tá sé curtha le chéile i Smaointeoireacht Chriticiúil agus Chruthaitheach, agus tugtar níos mó sonraí maidir leis an smaointeoireacht chriticiúil.
- B'fhéidir go mbeadh gá le fócas níos dírí ar an inniúlacht dhigiteach mar uirlis chun eolas a cheistiú, fadhbanna a réiteach, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile, agus a cumhacht ar an tsochaí ar bhealach níos ginearálta a aithint (m.sh., an chianobair, an bhréagaisnéis). D'fhéadfadh sé seo a bheith á fhoghlaim ag scoláirí áit éigin eile sa churaclam, agus, más amhlaidh atá, is gá naisc shoiléire a dhéanamh leis na príomhinniúlachtaí.
- Ar deireadh, tá ceist ann fós faoin teideal is oiriúnaí don chreat amach anseo – Príomhscileanna nó Príomhinniúlachtaí. Go coincheapúil, is cosúil go bhfuil CNCM ag glacadh le hollstruchtúr na bpríomhinniúlachtaí agus tá cáineadh déanta agam ar an gCreat Príomhscileanna ón dearcadh sin. É sin ráite, d'fhéadfadh ceisteanna eile a bheith ann maidir leis an teideal ceart. Mar shampla, ar cheart a bheith leanúnach le teideal Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí nó sampla curaclam na bunscoile agus an teideal Príomhinniúlachtaí a leanúint.

## 6 Leanúnachas agus dul chun cinn thar na céimeanna den oideachas

I gcomparáid le dlínsí eile, seasann cur chuige CNCM i leith príomhscileanna/príomhinniúlachtaí amach mar dhifriúil mar tá creata sainiúla ann do chéimeanna éagsúla an oideachais, ó na luathbhlianta go dtí an tsraith shinsearach. Faoi láthair, tá ceithre chreat ann: Aistear do na Luathbhlianta (2009); Príomhinniúlachtaí do Churaclam na Bunscoile (2023, dréachtleagan 2020); Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí (2016); agus Creat Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí molta, a bhfuil athruithe déanta air ó Chreat Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí roimhe seo (2009).

B’fhéidir nach bhfuil i gceist leis na cúiseanna do na creataí éagsúla ach cúiseanna stairiúla, sa chaoi is gur tharla an obair athfhorbartha ar gach céim ag amanna éagsúla, agus go m’fhéidir gur tharla easpaí leanúnachais (más ann dóibh) nach rabhthas ag súil leo idir na creataí mar thoradh air sin. Nó b’fhéidir gurbh é an cuspóir a bhí ann i gcónaí ná creataí a bheith ann a bhí níos oiriúnaí ó thaobh na forbartha de d’aoiseanna/céimeanna forbartha na bhfoghlaimeoirí agus/nó chun ‘dul isteach’ níos ginearálta in éiceolaíocht an churaclaim ag céim faoi leith. Pé cúis atá leis, trí thimpiste nó d’aon ghnó, is é an dúshlán atá ann ná cinntiú go bhfuil leanúnachas san fhoghlaim agus scoláirí ag aistriú ó chéim amháin an oideachais go dtí an chéad cheann eile, agus a chinntiú freisin go bhfuil athrú oiriúnach sa churaclam ó thaobh leibhéal an dúshláin de. Tá sé tábhachtach freisin nach mbíonn athdhéanamh i gceist do na scoláirí agus go mbíonn na hionchais chuí ag múinteoirí maidir lena bhfuil ar eolas ag foghlaimeoirí agus maidir lenar féidir leo a dhéanamh agus iad ag aistriú idir staid éagsúla na foghlama agus múinteoirí éagsúla acu agus iad ag bogadh ar aghaidh sa scolaíocht. Tá sé seo fíor i gcás gach cineál foghlama agus ní bhaineann sé le príomhinniúlachtaí amháin. Ach ós rud é go bhfuil an cineál níos leithne foghlama seo á leabú go fóill go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, is dócha go bhfuil gá fós le bheith an-soiléir ar fad maidir le leanúnachas agus dul chun cinn.

Léirítear i dTábla 9 ceithre chreat CNCM agus úsáidtear rangú na bpríomhinniúlachtaí ó *Thuarascáil Bunscoile CNCM 2018* (féach Tábla 3 sa tuarascáil seo) ann mar scéim eagrúcháin. Tá dath liath ar an gcolún sin sa tábla le hidirdhealú a dhéanamh idir é agus creataí foilsithe CNCM. Mar mheabhrú don léitheoir, is iad na catagóirí ón rangú sin ná: Cognaíoch, Idirphearsanta, Inphearsanta; Dúshláin an 21ú haois, mar théamaí/thopaicí trasdisciplíneacha go minic; Litearthachtaí, mar uirlisí idirdhisciplíneacha don fhoghlaim.

Is é an chéad phointe ba mhaith liom a lua ná go nglactar go forleathan leis na príomhtheidil do na céad trí chatagóir. Tagraíonn gach creat do ghné éigin den smaointeoireacht (chognaíoch), do thábhacht an idirghníomhaithe le daoine eile agus na cumarsáide (idirphearsanta), agus do mhéid áirithe féinbhainistíochta maidir le foghlaim agus féiníomhá dhearfach a choimeád maidir leat féin

mar fhoghlaimeoir (inphearsanta). Uaireanta bíonn na gnéithe idirphearsanta agus inphearsanta cumaiscthe, ach is féidir an fócas a aithint fós. Chun seo a mhíniú níos mó -

## Tábla 9: Creataí CNCM a nascadh thar chéimeanna an oideachais ó na Luathbhlianta go dtí an tSraith Shinsearach

| **Rangú na bPríomhinniúlachtaí** (**McGuinness, 2018)**<br>*Úsáidtear mar scéim eagrúcháin* | | | 023<br>**Creat Aistear: Téamaí agus Aidhmeanna (2009)** | **Príomhinniúlachtaí do Churaclam na Bunscoile (2023)** | **Príomhscileanna don tSraith Shóisearach (2017)** | **Príomhinniúlachtaí Molta don tSraith Shinsearach (2022)**<br>(**leasaithe ó Chreat Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí a bhí ann roimhe seo, 2009).**<br>Léiríonn cló iodálach luachanna/gnéithe a bhaineann le meon na hinniúlachta |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Eolas** | **SCILEANNA** | **Luachanna/ Meonta** | | | | |
| **Cognaíoch** | | | **Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht**<br>Ciall a bhaint as rudaí, breathnóireacht, ceistiú, fiosrú, tuiscint, réiteach fadhbanna. Meonta dearfacha, fiosracht, spraíúlacht, buanseasmhacht, glacadh rioscaí. | **A Bheith Cruthaitheach**<br>Bheith rannpháirteach in eispéiris chruthaitheacha agus chultúrtha agus sult a bhaint astu, bheith fiosrach, bheith samhlaíoch, bheith nuálach, próisis chruthaitheacha a úsáid, bealaí eile le cumarsáid a dhéanamh a fhiosrú<br><br>(chomh maith le tagairtí don smaointeoireacht agus don réiteach fadhbanna tríd an matamaitic agus na teicneolaíochtaí digiteacha, féach thíos) | **Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú –** bheith fiosrach; eolas agus sonraí a bhailiú, a thaifeadadh, agus a mheas; smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil; machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus í a mheas;<br><br>**A bheith cruthaitheach –** samhlú; roghanna agus bealaí malartacha a fhiosrú; smaointe a chur i bhfeidhm agus gníomhú; foghlaim go cruthaitheach | **Bealaí Smaointeoireachta -**<br><br>**Próiseáil faisnéise-** eolas a bhailiú, agus eolas agus sonraí ó réimse foinsí a mheas, ag seiceáil go bhfuil sé iontaofa. *Bheith córasach agus dea-eagraithe, ag iarraidh a bheith ar an eolas.*<br><br>**Smaointeoireacht chriticiúil agus réiteach fadhbanna -** ag déanamh iniúchadh ar phatrúin agus gaoil, ag déanamh argóintí maithe agus anailís a dhéanamh orthu, ag tuar agus ag lorg fianaise, anailís a dhéanamh ar fhadhbanna agus cinntí, ag fiosrú bealaí agus roghanna eile.<br>*Bheith fiosrach, seasmhach, agus ag iarraidh go n-éireoidh go maith leat.*<br><br>**Smaointeoireacht chruthaitheach agus nuálaíocht -** ag fiosrú ceisteanna, smaointe, agus gníomhartha, agus giniúint smaointe, ag cur smaointe le |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | chéile, ag cur feabhas ar tháirgí agus ar smaointe daoine eile, ag baint triail as dearthaí, gníomhartha, agus torthaí éagsúla.<br>*A bheith leathanaigeanta, ag foghlaim ó bhotúin agus rudaí nár éirigh leo, ag iarraidh a bheith cruthaitheach.* |
| | | | | |
| **Idirphearsanta**, lena n-áirítear obair le daoine eile, meas a léiriú do dhaoine eile, cumarsáid, idirbheartaíocht agus dul i gcion ar dhaoine, coimhlintí a bhainistiú agus a réiteach. Meonta agus luachanna amhail a bheith measúil, ag iarraidh go dtuigfear tú, a bheith iontaofa agus freagrach. | **Cumarsáid**<br>Cumarsáid neamhbhriathartha; teanga; léiriú cruthaitheach;<br>**Féiniúlacht agus Muintearas**<br>Léiriú ceart agus tuiscint ar chearta/tuairimí daoine eile. | **A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid** (féach thíos faoi Litearthachtaí)<br>**A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach**<br>Súgradh, foghlaim agus obair le daoine eile; bheith aireach ar dhaoine eile agus comhbhá a léiriú; caidrimh dhearfacha a chothú agus a choimeád; plé le coimhlint; meas a léiriú ar an éagsúlacht; foghlaim faoi dhaoine eile | **Obair le daoine eile –** caidrimh a fhorbairt agus dul i ngleic le coimhlintí; comhoibriú; meas a léiriú ar éagsúlacht; cur leis an obair; foghlaim le daoine eile;<br>**Cumarsáid –** teanga a úsáid; uimhreacha a úsáid; éisteacht agus léiriú; taibhiú agus cur i láthair; plé agus díospóireacht a dhéanamh | **Bealaí chun Idirghníomhú le Daoine Eile:**<br><br>**Obair le daoine eile –** obair go comhoibríoch i mbeirteanna, i ngrúpaí, nó i bhfoirne; obair i dtreo spriocanna coiteanna;freagrachtaí agus róil éagsúla i ngrúpa (m.sh. ceannaire, ball foirne) a aithint; caidrimh mhaithe le daoine eile agus braistint folláine a fhorbairt i ngrúpa; idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le coimhlintí agus iad a réiteach; athbhreithniú a dhéanamh ar obair an ghrúpa agus ar obair an duine féin<br><br>*Bheith solúbtha agus ábalta plé le rudaí éagsúla; meas a léiriú ar thuairimí éagsúla; freagracht a ghlacadh as comhchinntí.*<br><br>**Cumarsáid a dhéanamh -** anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar théacsanna agus ar bhealaí eile cumarsáide; tuairimí a chur in iúl, bheith ag |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | tuairimíocht agus ag plé; tabhairt faoi chomhrá, cumadóireacht agus taibhiú ar réimse bealaí; cumarsáid a dhéanamh i dtimpeallachtaí ar líne.<br><br>*Éisteacht agus comhbhá a léiriú, bheith oscailte do thuairimí éagsúla, ag iarraidh go dtuigfear tú* |
| **Inphearsanta,** lena n-áirítear féinbhainistíocht mothúchán chomh maith le foghlaim, féinrialú, solúbthacht phearsanta, teacht aniar, tuiscint ar láidreachtaí agus ar laigí, agus an fonn dul i bhfeabhas, iarracht a dhéanamh, creidiúint san fhéinéifeachtúlacht, cumas gníomhaithe foghlaimeora | **Folláine**<br>Bheith láidir go síceolaíoch agus go sóisialta, bheith sláintiúil agus aclaí, cruthaitheach agus spioradálta, dearcthaí dearfacha a léiriú ar an bhfoghlaim agus ar an saol<br>**Féiniúlacht agus Muintearas**<br>Féinaitheantas láidir, breathnú orthu féin mar fhoghlaimeoirí cumasacha | **A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach**<br>A bheith in ann machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim**;**<br>**A bheith slán**<br>Feasacht a léiriú ar an gcaoi le cinntí maithe a dhéanamh maidir le folláine; bheith rannpháirteach sa ghníomhaíocht fhisiciúil le muinín agus scil atá ag fás; a bheith féinfheasach agus seasmhach; gníomhú go freagrach agus cúram a léiriú i do leith féin agus i leith daoine eile; bheith spioradálta agus cuspóir agus brí a bheith agat; bheith dianseasmhach agus solúbtha ó thaobh fadhbanna a réiteach; a bheith in ann rioscaí a mheas agus freagairt dóibh | **Mé féin a rialú** – aithne a bheith agam orm féin; cinntí a bhfuil machnamh déanta agam orthu a dhéanamh; spriocanna pearsanta a leagan amach agus a bhaint amach; a bheith in ann machnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin<br>**Fanacht sábháilte –** bheith sláintiúil agus gníomhach go fisiciúil; bheith sóisialta; bheith sábháilte; bheith muiníneach; bheith dearfach maidir leis an bhfoghlaim; bheith freagrach, sábháilte agus eiticiúil agus an teicneolaíocht in úsáid<br><br>**(Creat Folláine** breise **sa tSraith Shóisearach)** | **Bealaí chun an Fhoghlaim agus an Duine Féin a Bhainistiú**<br><br>**Foghlaim cén chaoi le foghlaim -** straitéisí meiteachognaíocha a fhorbairt agus a úsáid chun an fhoghlaim a fheabhsú; machnamh a dhéanamh ar chuir chuige reatha agus pleananna a dhéanamh; machnamh a dhéanamh ar an gcaoi le cuir chuige a chur le chéile ar bhealaí cruthaitheacha.<br><br>*Dearcthaí a fhorbairt maidir le bheith freagrach as do chuid foghlama féin, 'dearcadh fáis', bheith réidh leis an iarracht a dhéanamh agus tuiscint dhearfach maidir leat féin a choimeád.*<br><br>**A bheith éifeachtach go pearsanta -** a bheith ábalta breithiúnas a thabhairt orthu féin, a bhfeidhmiú féin agus iad i mbun plé le daoine eile a mheas, aiseolas a fháil agus freagairt dó; spriocanna pearsanta, chomh maith le pleananna gnímh, a aithint, a mheas agus a bhaint amach;<br>Teacht aniar a fhorbairt agus dúshláin rompu; obair as a stuaim féin, forbairt, |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | bheith solúbtha, agus bheith ábalta an fód a sheasamh nuair a thagann deacrachtaí chun cinn; bheith muiníneach agus ábalta iad féin a chur in iúl mar dhuine.<br><br>*Ag iarraidh feabhsú, ag glacadh freagrachta, ag gníomhú as a stuaim féin*<br><br>**Cur le d'fholláine féin agus le folláine daoine eile –** tuiscint a léiriú ar an tábhacht a bhaineann leis an bhfolláine mhothúchánach, shóisialta, agus fhisiciúil d'eispéiris agus gníomhaíochtaí laethúla; feasacht a fhorbairt maidir leis an gcaoi ar féidir le cúiseanna imní tionchar a imirt ar an bhfolláine, foinsí comhairle a aithint agus cabhair a lorg de réir mar is cuí; an tábhacht a bhaineann leis an gníomhaíocht fhisiciúil agus cothú don fholláine a aithint; tuiscint a léiriú ar an tábhacht a bhaineann le hidirghníomhaithe sóisialta le cairde, teaghlach, agus múinteoirí don fholláine agus don mheabhairshláinte, agus a bheith réidh le labhairt agus cabhrú le daoine eile; straitéisí a fhorbairt chun 'ardú meanman a thabhairt duit féin' agus dearcadh dearfach a choimeád. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | *A bheith ag iarraidh cónaí go freagrach agus gníomhú chun d'fholláine féin agus folláine daoine eile a fheabhsú, cuspóir agus brí a bheith agat* |
| **Dúshláin an 21ú hAois**<br>bheith rannpháirteach agus ag cur le cúrsaí ar bhealach níos leithne, saoránacht, feasacht dhomhanda, feasacht ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus chomhshaoil | **Féiniúlacht agus Muintearas**<br>Féiniúlacht ghrúpa agus phobail, scéalta saoil, léiriú ceart agus tuiscint ar chearta/thuairimí daoine eile | **A bheith i do shaoránach gníomhach**<br>Tuiscint a fhorbairt ar mo chearta agus freagrachtaí féin agus ar chearta agus freagrachtaí daoine eile agus gníomhú dá réir; bheith ag foghlaim trí phróisis dhaonlathacha; an éagóir agus neamhionannas, agus bealaí le gníomhú a aithint; an cumas a fhorbairt chun cinntí a dhéanamh ar mhaithe le todhchaí inbhuanaithe | Aonaid ghearra ábhartha maidir le<br>**Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil**<br>**Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte** | **Bealaí le bheith Rannpháirteach sa tSochaí**<br><br>Iniúchadh a dhéanamh ar dhiminsin mhorálta agus eiticiúla forbairtí, imeachtaí agus ceisteanna;<br>Meas a léiriú ar luachanna daonlathacha agus iad a chur i bhfeidhm, ag leibhéal na scoile, mar shampla;<br>Ceisteanna maidir le cearta agus freagrachtaí pearsanta agus sóisialta a fhiosrú;<br>Tuiscint a fhorbairt ar naisc le pobail áitiúla, náisiúnta, agus dhomhanda, agus ar an gcaoi le cur le domhan níos cothroime agus níos inbhuanaithe;<br>Ról agus tuiscint ar chumas gníomhaithe sa tsochaí agus don saol aosach a fhorbairt.<br><br>*Forbairt agus gníomhú le treoir mhorálta láidir; cumas coiteann gníomhaithe a chur i bhfeidhm, a bheith ag iarraidh difríocht a dhéanamh* |
| **Litearthacht** | **Cumarsáid**<br>Cumarsáid neamhbhriathartha<br>Teanga ó bhéal | **Cumarsáid a dhéanamh agus teanga a úsáid**<br>Tuiscint a fhorbairt maidir le focail agus teanga, agus taitneamh a bhaint astu; labharthacht a fhorbairt; an | **Bheith Liteartha**<br>**Bheith Uimheartha**<br>Luadh an **Teicneolaíocht Dhigiteach** leis na scileanna thuasluaite ar fad. | **Rogha 1**<br><br>**Litearthachtaí** (cumarsáid, teanga, uimhearthacht, digiteach) a thabhairt isteach mar **uirlisí tacaíochta do na príomhinniúlachtaí eile** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Marc-chruthú, siombailí a aithint, brí a léiriú trí shiombailí | léitheoireacht don taitneamh agus le tuiscint chriticiúil; scríobh chun críocha éagsúla agus le haghaidh luchtanna léitheoireachta éagsúla; réimse téacsanna a fhiosrú agus a chruthú<br>**A bheith matamaiticiúil**<br>Smaoineamh agus cumarsáid a dhéanamh go matamaiticiúil; fadhbanna a réiteach agus tuiscint a bhaint as an domhan ag úsáid mata; meastachán, tuar, agus ríomh a dhéanamh; gaoil, treochtaí, naisc, agus patrúin a aithint; eolas agus sonraí a léirmhíniú agus a phróiseáil<br>**A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach**<br>Cumarsáid agus comhoibriú a dhéanamh le daoine eile tríd an teicneolaíocht dhigiteach; rochtain a fháil ar ábhar agus anailís agus bainistiú a dhéanamh air ag úsáid na teicneolaíochta digití; an cruthú ábhar, réiteach fadhbanna, agus cruthaitheacht a chumasú tríd an teicneolaíocht dhigiteach; idirghníomhú go heiticiúil agus go freagrach ag baint úsáid as an teicneolaíocht dhigiteach | | **Rogha 2**<br><br>**Litearthachtaí** a thabhairt isteach **mar phríomhinniúlachtaí astu féin.** |

- I gcéimeanna luaithe an oideachais is gnách go ndírítear níos mó ar ghnéithe iniúchta na smaointeoireachta agus na cruthaitheachta, agus tagann an bhainistíocht eolais agus smaointeoireacht chriticiúil chun cinn níos mó sna meánchéimeanna. Moltar go leagfaí níos mó béime ar an smaointeoireacht chruthaitheach agus nuálaíocht sa tSraith Shinsearach mholta.
- Tá leanúnachas sna céimeanna ar fad, ó spraoi sna luathbhlianta go hobair ghrúpa níos tascdhírithe a bhfuil torthaí ar aontaíodh orthu i gceist léi sa tsraith shinsearach, maidir leis an tábhacht a bhaineann le hidirghníomhú go maith le daoine agus cumarsáid a dhéanamh.
- Tá leanúnachas i gceist le tú féin a bhainistiú, féiníomhá dhearfach a chruthú mar fhoghlaimeoir, agus machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim ach tá bríonna níos measctha i gceist leo. Dírítear ar an bhfolláine sna luathbhlianta agus sna céimeanna bunscoile, agus bíonn an feabhas ar an bhfoghlaim agus leagan spriocanna níos soiléire ina dhiaidh sin. É sin ráite, tá tábhacht ag baint fós le folláine agus le coimeád sábháilte agus foghlaimeoirí ag aistriú go dtí an iar-bhunscoil, agus moltar níos mó béime a leagan ar an snáithe seo don tSraith Shinsearach freisin.
- Tagann an fhéiniúlacht, muintearas, agus rannpháirtíocht sa tsochaí isteach i bhfoirmeacha éagsúla, agus tagann tagairtí do chearta agus freagrachtaí chun cinn cuid mhór sna luathbhlianta agus sna céimeanna bunscoile. Tugtar isteach go soiléir mar phríomhinniúlacht é sa chreat nua a mholtar don tSraith Shinsearach. Sa tSraith Shóisearach tá aonaid ghearra maidir le hOideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil, mar sin, ní luaitear go soiléir é i bPríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí, agus sa tSraith Shinsearach tá ábhar nua Ardteistiméireachta a bhfuil an Pholaitíocht agus an tSochaí mar theideal air. Faoi mar a thugtar faoi deara agus comparáid á déanamh idir creataí i ndlínsí eile, tá fadhb ann maidir le cén chaoi le freagairt don ghné seo d'**fhoghlaim an 21ú haois** ó thaobh dearadh curaclaim de, mar phríomhinniúlacht a chuirtear i bhfeidhm sa churaclam ar fad, nó mar aonad aonair staidéir.

**Na Litearthachtaí** – tá cumarsáid agus teanga, uimhearthacht/smaointeoireacht mhatamaiticiúil, agus litearthacht dhigiteach mar uirlisí traschuraclaim don fhoghlaim soiléir, go háirithe sa chéim bhunscoile, áit arb ionann iad agus trí cinn den seacht bpríomhinniúlacht i gcreat na bunscoile. Sa mheánchéim, lasmuigh den chumarsáid, glactar leis gur bunlitearthachtaí iad sin. Moltar roghanna maidir leis an gcaoi arbh fhéidir na litearthachtaí a chomhtháthú sna príomhinniúlachtaí don tSraith Shinsearach - mar uirlisí tacaíochta chun cabhrú leis an bhfoghlaim in inniúlachtaí eile nó mar phríomhinniúlachtaí astu féin. Bealach amháin nó bealach eile, is dócha go bhfuil sé inmholta go leagfaí béim faoi leith ar an litearthacht dhigiteach.

Mar fhocal scoir, tá na mórleanúnachais soiléir ach tá an teanga difriúil. Féadfaidh sé seo mearbhall a chruthú, mura n-aithníonn múinteoirí go hiomlán gurb é an cineál céanna foghlama atá i gceist ach go bhfuil teanga atá rud beag difriúil in úsáid, agus/nó go bhfuil béim éagsúil ann i gcéimeanna éagsúla. Chomh maith leis sin, i bhfianaise an cháinte i gCuid 5 de Phríomhscileanna don tSraith Shinsearach, ní soiléir go bhfuil comhthuiscint agus comhthiomantas ann i leith struchtúr níos ginearálta na bpríomhinniúlachtaí, ó thaobh an ghaoil idir eolas, scileanna, luachanna/meonta de, go háirithe maidir leis an gcaoi ar féidir gnéithe a bhaineann le luachanna/meonta na foghlama a chothú. Chun níos mó comhleanúnchais a bhaint amach agus a chur in iúl maidir leis na creataí seo, b'fhéidir go mbeadh ar CNCM ráiteas níos ginearálta a chruthú, ina ndéantar cur síos ar a n-áit thar na céimeanna.

Go dtí seo, bhain an plé le h**ábhar na foghlama** a chlúdaítear sna ceithre chreat. Ach tá ceist níos éilithí ann faoin **dul chun cinn san fhoghlaim**. Céard iad na hionchais maidir le leibhéal na foghlama ag gach céim, i bhfianaise go bhfuil an méid atá luaite sna príomhinniúlachtaí cosúil go leor i ngach ceann de na céimeanna? Bítear ag súil leis go ginearálta go bhforbraíonn foghlaim na bpríomhinniúlachtaí de réir mar a bhogann scoláirí trína mblianta scoile agus de réir mar a thugann siad faoi fhoghlaim nua agus níos casta (cibé sainmhíniú a thugtar air sin), ionas gur féidir leo a gcuid inniúlachtaí féin a shealbhú agus a chur i bhfeidhm ar bhealach a éiríonn níos sofaisticiúla agus níos aibí.

Ach cén chaoi ar féidir na hionchais maidir leis an bpríomhinniúlacht a 'chur i láthair' ag an leibhéal cuí agus a chinntiú nach bhfuil cuma ródhúshlánach nó róbhunúsach air do scoláirí ag céim faoi leith. Ba cheart cuimhneamh air go bhforbrófar na príomhinniúlachtaí agus go ndéanfar iad a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs shonraíochtaí na n-ábhar/modúl, ceachtanna seomra ranga, agus gnáth-thascanna don chéim scolaíochta sin. Cabhróidh an cur chuige comhtháite maidir le heolas, scileanna agus luachanna/meonta chun an fhoghlaim a bhuanú, go pointe. Moltar i roinnt creataí na príomhinniúlachtaí a mhapáil díreach isteach sna torthaí foghlama do na hábhair éagsúla, ach, faoi mar a luadh roimhe seo, tá baol ann go mbeidís róleabaithe sna hionchais maidir le heolas ar ábhar agus dul chun cinn. Ar mhaithe le bheith níos soiléire maidir le próifíl dul chun cinn na hinniúlachta féin, léiríonn go leor dlínsí eile a gcuid ionchas ginearálta trí mhapaí dul chun cinn, contanaim dul chun cinn, nó próifílí do na gráid/céimeanna, agus léirítear den chuid is mó scileanna, luachanna, agus meonta na hinniúlachta (féach na naisc thíos).

Is gá roinnt pointí rabhaidh a dhéanamh maidir leis an gcaoi a ndéantar dul chun cinn a choincheapú do na cineálacha foghlama níos leithne seo. Tá an nós ann síleadh go mbíonn dul chun cinn líneach, agus go mbaineann na hionchais is simplí leo siúd sna luathbhlianta, agus go mbíonn na cinn is dúshlánaí ann dóibh siúd sa tsraith shinsearach. Agus tá fírinne áirithe sa mhéid sin ach tá léamh eile air freisin, mar a fheiceann aon duine a bhfuil breathnóireacht déanta acu ar shuíomhanna

luathbhlianta, áit ar féidir le páistí comhoibriú agus obair le chéile go toilteanach (uaireanta, cibé) nó obair go neamhspleách ar thasc a bhfuil spéis acu ann.

Mar sin, is dócha go bhfuil dul chun cinn san fhoghlaim phríomhinniúlachta cosúil le foghlaim bhíseach, ina mbaintear máistreacht amach i gcomhthéacs leibhéal faoi leith de chuid dúshláin. Nuair a mhéadaítear an dúshlán, ansin, féadfaidh sé go bhfuil an méid a baineadh amach roimhe seo easpach, agus gur gá foghlaim nua a shealbhú agus a chleachtadh, agus mar sin, leanann an bhís ar aghaidh. Tá an t-aistriú seo maidir le dúshláin níos dóichí ag na pointí aistrithe in aistear oideachais an scoláire, áit a mbíonn aistrithe d'aon ghnó ann maidir lena mbítear ag súil leis i gcás éileamh cognaíoch an churaclaim, i gcás ionchais shóisialta agus mhothúchánacha na foghlama scoile, agus na timpeallachta scoile féin. Bíonn sé úsáideach ionchais leathana a leagan síos maidir le forbairt príomhinniúlachtaí, agus is gá é a léirmhíniú go cúramach. (Le haghaidh plé níos mine maidir leis seo, féach McGuinness, Swartz & Sproule, 2016, i gcomhthéacs na comhairle a tugadh don International Baccalaureate maidir leis an gceist chéanna, pyp-mcguinness-full-report-en.pdf (ibo.org)agus chomh maith leis sin, cur chuige níos sonraí i gcomhthéacs Thinking Skills and Personal Capabilities Framework Churaclam Thuaisceart Éireann, 2007, (PDF) Thinking Skills and Personal Capabilities Guidance Booklet for Key Stage 3 (ccea.org.uk))

# 7 Tátail agus tráchtanna deiridh

**7.1** Tógann tátail na tuarascála seo ar thuarascáil den chineál céanna a coimisiúnaíodh roimhe seo ar chuir an t-údar i gcrích é do CNCM agus é bunaithe ar inniúlachtaí an 21ú haois i gcuraclam bunscoile athfhorbartha (McGuinness, 2018). Is túsphointe don anailís sa tuarascáil seo iad na conclúidí ginearálta, **nár** bhain go sonrach leis an mbunchéim, maidir leis na príomhinniúlachtaí agus a ranguithe.

**7.2** Is féidir a rá go bhfuil forbairt príomhinniúlachtaí ina cuid níos ginearálta d'éirim i gcórais oideachais thart timpeall an domhain maidir le spriocanna foghlama níos leithne lasmuigh de na hábhair thraidisiúnta scoile a réiteach. Is é an aidhm atá leis ná foghlaim na scoláirí a dhoimhniú agus iad a ullmhú do dhúshláin na sochaí atá rompu anois, agus chomh maith leis sin dá dtodhchaí mar dhaoine fásta, mar shaoránaigh, agus do dhomhan na hoibre. Tugtar dúshláin an 21ú haois ar na dúshláin seo go minic, ar nós go mbeidh siad romhainn 'sa todhchaí', ach is ann dóibh anois. Is minic a thugtar 'fadhbanna gránna' orthu, ní hamháin mar gheall go bhfuil sé deacair iad a réiteach ach mar gheall go dteastaíonn aistriú i dtreo glacadh le cuir chuige nua agus chruthaitheacha i leith réiteach fadhbanna casta agus freagairtí pearsanta amhail teacht aniar, glacadh le héiginnteacht, agus dianseasmhacht agus tú ag plé le frustrachas chun dul i ngleic leo.

**7.3** Cé go bhfuil éagsúlacht ann go fóill sa téarmaíocht a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na spriocanna foghlama níos leithne seo – príomhscileanna, cumais ghinearálta, litearthachtaí – tá an téarma 'eochair-inniúlachtaí(aí)' i ndiaidh teacht chun cinn cuid mhór go háirithe san Eoraip, agus ag an leibhéal idirnáisiúnta, go príomha mar gheall go mbaintear úsáid as i gCreat Eorpach Eochair-inniúlachtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil an Choimisiúin Eorpaigh, ceannas ó thaobh na teoirice de DeSeCo (Definition and Selection of Competencies) an ECFE ag tús an 20ú céad, agus tionscadal ECFE le déanaí maidir leis an gCompás Foghlama. Mar sin féin, baintear úsáid go fóill as an téarma 'scileanna', go háirithe ag leibhéal dlínsí faoi leith (m.sh. scileanna leathana, scileanna smaointeoireachta agus cumais phearsanta, scileanna inaistrithe, bunscileanna, féach Tábla 6, Cuid 4).

**7.4** É sin ráite, is é an buntáiste a bhaineann le cur chuige príomhinniúlachta ná go léiríonn sé go soiléir na bloic thógála don fhoghlaim agus príomhinniúlacht a chleachtadh - eolas ar an topaic/ar an gcomhthéacs ina dtarlaíonn sé, scileanna ábhartha, chomh maith le luachanna/meonta a spreagann an foghlaimeoir leis an inniúlacht a úsáid ag an bpointe sin. Baineann buntáiste mór leis an tsoiléireacht seo d'ainneoin cáineadh a rinneadh agus imní a léiríodh roimhe seo maidir le cuir chuige scilbhunaithe, mar a thugtar orthu. Tá obair a rinne an ECFE le déanaí ar 'nótaí coincheapa', a chuireann mínithe a bhfuil bunús taighde leo ar fáil maidir leis na téarmaí éagsúla seo, i ndiaidh cabhair luachmhar a chur ar fáil don chomhthuiscint.

**7.5** Chomh maith leis sin, tagann cuir chuige príomhinniúlachtaí go hiomlán le staidéir chomhaimseartha maidir le foghlaim scoile a léiríonn go mbaineann níos mó leis an bhfoghlaim éifeachtach ná bunús dea-eagraithe eolais a shealbhú. Bíonn níos mó straitéisí ginearálta agus pleananna smaointeoireachta ag teastáil ó fhoghlaimeoirí éifeachtacha freisin le cabhrú leo le foghlaim nua; is gá gur féidir leo a gcuid foghlama a spreagadh agus a fhéinrialú ar mhaithe le freagairt go solúbtha do dhúshláin nua agus tuairimí agus meonta dearfacha a bheith acu maidir leo féin mar fhoghlaimeoirí. Sa dearcadh níos gníomhaithe seo maidir le príomhinniúlachtaí, léirítear go bhfuil siad riachtanach ó thaobh aistriú na foghlama de, ar an gcoinníoll go múintear iad agus an t-aistriú san áireamh, agus sin an chúis a bhfuil tábhacht le rún uileghabhálach na gcreataí príomhinniúlachta.

**7.6** Tá spreagadh nua tugtha ag an tionscadal maidir leis an gCompás Foghlama ar thug an ECFE faoi le déanaí do bheartú teoirice maidir le buntáistí na bpríomhinniúlachtaí, agus leagtar béim ar na deiseanna atá ann do ghníomhú na scoláirí taobh amuigh den ghnáthbhrí a bhaineann leis an bhfoghlaim neamhspleách nó féindírithe, chomh maith leis an tuiscint seo maidir leis an gcomhghníomhú, a leagann béim ar an gcomhthéacs sóisialta ina bhfoghlaimíonn agus ina n-oibríonn scoláirí. Is amhlaidh, dá réir, go bhfuil aistriú sa chiall atá ar ghníomhú an scoláire a théann lastall den ghníomhú pearsanta go dtí gníomhú sóisialta/comhchoiteann, rud a chuimsíonn freisin an chiall a bhaineann le scoláirí ag feidhmiú mar shaoránaigh i gcomhthéacsanna áitiúla, náisiúnta, agus domhanda.

**7.7** Léiríonn comparáidí idir creataí agus dlínsí idirnáisiúnta go bhfuil leibhéal ard leanúnachais ann maidir leis na spriocanna foghlama níos leithne a chuirtear san áireamh; (1) foghlaim phearsanta, amhail bealaí smaointeoireachta, bealaí chun idirghníomhú, bealaí chun an duine féin a bhainistiú; (2) uirlisí foghlama, amhail léitheoireacht, uimhearthacht agus foghlaim dhigiteach/ilmheán; agus (3) réimsí eolais nua a aithint, atá crosdisciplíneach nó trasdisciplíneach den chuid is mó, a bhaineann le dúshláin an 21ú haois. Cuimsíonn go leor creataí an trí chur chuige, bíodh is nach gcuimsítear iad ar fad i ngach creat. Tá níos mó éagsúlachta ann i measc na gcreataí dlínsí faoi leith go háirithe maidir leis na réimsí níos nuaí foghlama a bhaineann le dúshláin an 21ú haois, mar a thugann tíortha tús áite do thopaicí a bhaineann le cúinsí áitiúla.

**7.8** Rinneadh athbhreithniú ar chreat Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí de chuid CNCM le seiceáil an bhfuil sé oiriúnach fós don chuspóir atá leis nó an gá nuashonrú a dhéanamh air i bhfianaise na smaointeoireachta níos nuaí maidir lena bhfuil i gceist le cuir chuige príomhinniúlachta agus maidir leis na deiseanna a bhaineann leo, agus i bhfianaise na dtátal ó na comparáidí a rinneadh idir na creataí. Ónár n-athbhreithniú, níor aithin creat príomhinniúlachta eile ar bith inniúlachtaí a bhaineann go sonrach le céim uachtarach na meánscolaíochta. Seasann CNCM amach agus tá sé difriúil sa chaoi sin, ag cruthú creataí atá curtha in oiriúint do chéimeanna faoi leith an oideachais ó na luathbhlianta,

go dtí an bhunscoil, go dtí an tsraith shóisearach, agus ansin an tsraith shinsearach. Chun treoir a lorg maidir le Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí a nuashonrú, breathnaíodh ar chuspóir, fís, agus treoirphrionsabail an Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach, le treoir a fháil maidir le moltaí a bheadh leanúnach le sprioc ghinearálta Sraithe Sinsearaí leasaithe.

**7.9** Moltar go mbeadh tairbhe ann don tSraith Shinsearach dá ndéanfaí í a athdhearadh chun struchtúr na bpríomhinniúlachtaí a chur san áireamh go soiléir – eolas, scileanna, luachanna/meonta, comhtháite ar bhealaí le dhéanfadh leas d'fhoghlaim an scoláire. Maidir le rangú na bpríomhinniúlachtaí, chomh maith leis an mbéim reatha ar an réimse cognaíoch (próiseáil faisnéise, smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach), an réimse idirphearsanta (obair le chéile), agus an réimse inphearsanta (a bheith éifeachtach go pearsanta), is gá go gcuirtear san áireamh béim ar phríomhinniúlachtaí a fhorbairt atá dírithe níos mó ar an taobh amuigh, ní don ghnóthachtáil phearsanta agus fostaíocht amach anseo amháin, ach do rannpháirtíocht sa tsochaí mar shaoránach freisin. D'fhéadfadh sé seo cabhrú ó thaobh scoláirí a ullmhú do na dúshláin a bhíonn i gceist de ghnáth i gclár foghlama an 21ú haois. Tagann sé seo freisin le scóip atá ag leathnú chumas gníomhaithe na scoláirí chun an comhghníomhú a chur san áireamh, de réir mar a leagtar amach i gCompás Foghlama an ECFE é, agus le treoirphrionsabail an Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach gur cheart go ndéanfadh an tSraith Shinsearach *"freastal ar chuspóirí coiteanna agus aonair i scoileanna agus suíomhanna oideachais eile agus sa tsochaí níos leithne".* Moltar freisin go leagfaí níos mó béime ar an smaointeoireacht chruthaitheach agus go ndéanfaí a scóip a leathnú leis an nuálaíocht agus a fhiontraíocht a dhéanamh mar chuid de b'fhéidir, agus go leathnófaí scóip na héifeachtúlachta pearsanta le go ndíreofaí go soiléir ar an tsláinte.

**7.10** Agus creata inniúlachtaí/scileanna CNCM a bhaineann le céim oideachais á gcur i gcomparáid, is é tátal na gcomparáidí sin ná go bhfuil ailíniú agus leanúnachas maith iontu maidir le h**ábhar** na ranguithe sna staid éagsúla, ó na luathbhlianta, go dtí an bhunscoil, an tsraith shóisearach, agus an tsraith shinsearach a mholtar, go háirithe má bhreathnaítear air trí phríomhtheidil an réimse chognaíche, an réimse idirphearsanta, an réimse inphearsanta, dúshláin an 21ú haois/ an mhórphictiúir, agus litearthachtaí, mar a dhéantar i dTábla 9. Cé go bhfuil an mórleanúnachas soiléir, tá an **teanga** difriúil agus féadfaidh sé seo mearbhall a chruthú, mura n-aithníonn múinteoirí go hiomlán gurb é an cineál céanna foghlama atá i gceist ach go bhfuil teanga atá rud beag difriúil in úsáid, agus/nó go bhfuil béim éagsúil ann i gcéimeanna éagsúla. Chun níos mó comhleanúnchais a bhaint amach agus a chur in iúl maidir leis na creataí seo, b'fhéidir go mbeadh ar CNCM ráiteas níos ginearálta a chruthú, ina ndéantar cur síos ar an gcaoi a bhfuil an fhoghlaim nasctha thar na céimeanna.

**Maidir le dúshláin**

7.11 Is é an chéad bhaol atá ann ná **go leabaítear na príomhinniúlachtaí an iomarca** sa teagasc ábhar. Cé gurb é dearcadh CNCM - mar is ceart dó a bheith - gur cheart cur chuige comhtháite a úsáid agus príomhinniúlachtaí a leabú i sonraíochtaí ábhar/modúl, tá an baol ann go ndéanfar iad a imeallú mar gheall ar na gnéithe riachtanacha a bhaineann leis an teagasc ábhar agus go mbeidh siad 'dofheicthe' do scoláirí. Ina ionad sin, is gá go dtabharfaidh an fhoghlaim príomhinniúlachtaí aghaidh ar dhá threo ag an am céanna, i dtreo tuiscint agus cur i bhfeidhm níos doimhne i gcomhthéacs an teagaisc ábhar, agus chomh maith leis sin i dtreo scileanna/luachanna/meonta ionas go mbíonn siad níos feiceálaí do scoláirí. Is gá go n-aithníonn scoláirí go bhfuil saineolas á shealbhú agus á ghnóthú acu na scileanna seo a chleachtadh, ionas go bhforbraíonn siad an nós iad a chleachtadh, agus go n-aithníonn siad an tábhacht a bhaineann leo taobh amuigh den chomhthéacs inar fhoghlaim siad ar dtús iad. Is ansin amháin is féidir na féidearthachtaí a bhaineann le haistriú na bpríomhinniúlachtaí d'fhoghlaim scoláirí a bhaint amach. Go fadtéarmach, is ceist oideolaíochta é seo, ach **is gá é a dhéanamh soiléir ag leibhéal an dearaidh curaclaim chomh maith.**

**7.12** Is é an dara dúshlán a bhaineann le rún uileghabhálach creata príomhinniúlachta ná an baol **nach mbeidh leanúnachas ann** agus go nglactar le codanna de i roinnt ábhar agus ní in ábhair eile. Is dócha go mbainfear tionchair foghlama a fhágann lorg láidir agus a bhaineann leis na príomhinniúlachtaí amach nuair a oibríonn siad le chéile chun tacú le scoláirí agus iad ag freagairt do dhúshláin chasta foghlama – de réir mar a leagtar amach sa chéad shainmhíniú a tugadh ar phríomhinniúlacht in DeSeCo. Tá ceist ann freisin maidir le cothromas agus rochtain, má roghnaíonn scoláirí ábhair/modúil éagsúla nó má bhíonn cuid acu ar fáil ar roinnt conairí ach nach mbíonn ar chonairí eile. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé níos fusa do roinnt réimsí ábhar freastal ar chuid de na príomhinniúlachtaí ná do chinn eile, ach ní chiallaíonn sé sin gur cheart go mbainfeadh inniúlachtaí faoi leith le roinnt ábhar agus ní le cinn eile. Spreagann creat príomhinniúlachta speisialtóirí ábhair chun na féidearthachtaí a bhaineann lena n-ábhar a athshamhlú agus leas a bhaint as na deiseanna breise a thagann le creat inniúlachta.

**7.13** Baineann an dúshlán deireanach le cé acu ar cheart nó nár cheart cuimhneamh ar chuid de na spriocanna foghlama níos leithne seo mar **fhoghlaim thraschuraclaim** agus príomhinniúlacht a dhéanamh díobh nó ar cheart **ábhair nó modúil nua astu féin** a dhéanamh díobh. Tá an teannas seo soiléir go háirithe agus machnamh á dhéanamh ar an bhfoghlaim a dtugtar dúshláin an 21ú haois nó dúshláin na sochaí uirthi. Mar shampla, ar cheart go mbeadh 'bheith rannpháirteach sa tsochaí' a bheith ina phríomhinniúlacht mar a mholtar don tSraith Shinsearach, nó ar cheart go mbeadh sé clúdaithe san Oideachas Saoránach nó sa Pholaitíocht agus Sochaí? Ar cheart go mbeadh oideachas sláinte agus folláine ina théama traschuraclaim nó ina ábhar? Bhí na teannais seo soiléir san

athbhreithniú a rinneadh ar chuir chuige inniúlachtaí idirnáisiúnta, agus chomh maith leis sin sna dlínsí faoi leith, agus go deimhin níor réitíodh iad go hiomlán sna samplaí a rinneamar a athbhreithniú.

**7.14** Faoi dheireadh, tá CNCM agus scoileanna in áit mhaith chun glacadh leis na dúshláin seo mar tá taithí shuntasach acu anois ó thaobh curaclaim a chruthú agus a chur i bhfeidhm ó thaobh na spriocanna foghlama níos leithne seo, cibé ainm a thugtar orthu!

# 8 Tagairtí

Aston, R. (2018), “Physical health and well-being in children and youth: Review of the literature”, *OECD Education Working* Papers, Uimh. 170, OECD Publishing, Páras. http://dx.doi.org/10.1787/102456c7-en

Bransford, J.D., Brown, A.L., & Cocking, R.R. (Eagarthóirí.) (1999). *How people learn: Brain, mind, experience and school*. Washington, D.C. National Academy Press.

Burns, D., Devitt, A., McNamara, G., O’Hara, J., & Brown, M. (2018). Is it all memory? An empirical investigation of intellectual skill requirements in Leaving Certificate examinations papers in Ireland. *Irish Educational Studies*, 37(3), 351-372.

Chamberlain, M., Darr, C., Hipkins, R., McKinley, S., Murphy, H., & Sinnema, C. (2021) New *Zealand Curriculum refresh: Progressions approach.* Neamhfhoilsithe.

Choi, A. (2018), “Emotional well-being of children and adolescents: Recent trends and relevant factors”, *OECD* Education *Working Papers*, Uimh. 169, OECD Publishing, Páras. http://dx.doi.org/10.1787/41576fb2-en

De Corte, E. (2010). Historical developments in the understanding of learning. In H. Dumont, D. Istance & F. Benavides, (Eagarthóirí). (2010). *The nature of learning: Using research to inspire practice,* (lgh. 35-60). Páras: OECD Publishing, Centre for Educational Research and Innovation. Historical developments in the understanding of learning | The Nature of Learning: Using Research to Inspire Practice | OECD iLibrary (oecd-ilibrary.org)

Dempsey, M. (2018). *Exploring the impact of a key skills approach to teaching and learning in secondary education.* Tráchtas Dochtúireachta san Oideachas (D.Ed) neamhfhoilsithe a leagadh isteach chuig Scoil an Oideachais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Donavan, M.S. & Bransford, J.D. (Eag.) (2005). *How students learn: History, mathematics, and science in the classroom.* Washington, D.C.: The National Academies Press.

Dumont, H., Istance, D., & Benavides, F. (2010). *The nature of learning: Using research to inspire practice*. Páras: OECD Publishing, Centre for Educational Research and Innovation. 50300814.pdf (oecd.org)

An Coimisiún Eorpach (2019) *Key competences for lifelong learning*. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh. Key competences for lifelong learning - Publications Office of the EU (europa.eu)

Hipkins, R., Bolstad, R., Boyd, S, & McDowall, S. (2014). *Key competencies for the future*. Wellington: NZCER Press.

http://www.nzcer.org.nz/system/files/Key_Competencies.pdf.

Hipkins, R. 2015. *Learning to learn in secondary school classrooms*. Wellington, New Zealand: New Zealand Council for Educational Research. http://www.nzcer.org.nz/system/files/Learning%20to%20learn%20in%20secondary%20classrooms%20%282%29.pdf

Hipkins, R. (2018) *How the key competences developed: the evidence base*. Wellington: NZCER

Looney, J., O'Shea, M., Staring, F., Vicentini, L., Wisniewski, J., Frohlich Hourgaard, K., & Day, L. (2002) *Key competences for all: Policy design and implementation in European school education, Executive Summary.* Lucsamburg: Foilseacháin an Coimisiúin Eorpaigh.

Key competences for all - Publications Office of the EU (europa.eu)

Marope, M., Griffin, P., & Gallagher, C. (2017a) *Future competences and the future of the curriculum.* An Ghinéiv: International Bureau of Education/UNESCO. (http://www.ibe.unesco.org/sites/default/files/resources/future_competences_and_the_future_of_curriculum.pdf)

Marope, M., Griffin, P., & Gallagher, C. (2017b). *Transforming teaching, learning and assessment: To support competence-based curricula.* An Ghinéiv: International Bureau of Education/UNESCO.

http://www.ibe.unesco.org/sites/default/files/resources/transforming_teaching_learning_and_assessment.pdf.

McDowall, S., & Hipkins, R. (2018) How *the key competencies developed over time: insights from research.* Wellington: NCER.

McGuinness, C. (1999). *From thinking skills to thinking classrooms. A review and evaluation of approaches for developing pupils' thinking.* Londain: HMSO (DfEE commissioned report)

ThinkingSkillsandThinkingClassroomsFullReport.pdf

McGuinness, C. (2005). Teaching thinking: Theory and practice. *British Journal of Educational Psychology*, Monograph Series II, 3, 107-127.

McGuinness, C., Swartz, R., & Sproule, E. (2016) Student *thinking and learning in the PYP Transdisciplinary Framework: Case Studies from PYP Schools*. An Háig: International Baccalaureate Organisation. https://www.ibo.org/contentassets/8d04d269392d42c18e71529afa337a7c/pyp-mcguinness-full-report-

McGuinness, C. (2018) Research-*informed analysis of 21st century competencies for a re-developed primary curriculum.* CNCM: Baile Átha Cliath seminar_two_mcguinness_paper.pdf (ncca.ie)

CNCM (2009). *Key Skills Framework*. Baile Átha Cliath: CNCM

*Tuarascáil Bunscoile CNCM* (2018), féach McGuinness (2018)

CNCM (2022). *Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach – Tuarascáil Chomhairleach* Baile Átha Cliath: CNCM

CNCM (2023) *Príomhinniúlachtaí i gCuraclam na Bunscoile*. CNCM Baile Átha Cliath (le foilsiú)

CNCM (2015) *Príomhscileanna le haghaidh na Sraithe Sóisearaí* Baile Átha Cliath: CNCM jc-key-skills-poster-english.pdf (ncca.ie)

Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne (2009). *Curriculum implementation studies: Theme Four – exploring the front end of the curriculum.* http://nzcurriculum.tki.org.nz/Curriculum-stories/Case-studies/Curriculum-implementation/Theme-four

Nussbaum, M. (2000). *Women and human development: The capabilities approach*. Nua-Eabhrac: Cambridge University Press.

ECFE (2005). *DeSeCo Executive Summary*, https://www.oecd.org/pisa/35070367.pdf).

ECFE (2018). *The future of education and skills 2030: The future we want.* Páras: ECFE.

(http://www.oecd.org/education/2030/oecd-education-2030-position-paper.pdf)

http://www.oecd.org/education/school/Flyer-The-Future-of-Education-and-Skills-Education-2030.pdf

ECFE (2019a) OECD_Learning_Compass_2030_concept_note.pdf

ECFE J(2019b) Knowledge_for_2030_concept_note.pdf (oecd.org)

ECFE (2019c) Skills_for_2030_concept_note.pdf (oecd.org)

ECFE (2019d) Attitudes_and_Values_for_2030_concept_note.pdf (oecd.org)

ECFE (2019e) Core_Foundations_for_2030_concept_note.pdf (oecd.org)

ECFE (2019f) Transformative_Competencies_for_2030_concept_note.pdf (oecd.org)

ECFE (2019g) Student_Agency_for_2030_concept_note.pdf (oecd.org)

ECFE (2021), *Beyond Academic Learning: First Results from the Survey of Social and Emotional Skills*, OECD Publishing, Páras, *https://doi.org/10.1787/92a11084-en*.

Pellegrino, J.W., & Hilton, M.L. (Eagarthóirí.) (2012). *Education for Life and Work: Developing Transferable Knowledge and Skills for the 21st Century.* (Caibidil 4 Perspectives on deeper learning) Washington, DC: National Academy Press.

Priestley, M., & Minty, S. (2013). *Curriculum for Excellence: 'A brilliant idea, but…..' Scottish Educational Review,* 45(1), 39-52.

Reid, A. (2006). Key competencies: A new way forward or more of the same? *Conference Proceedings on Key Compete*ncies. Wellington. NZCER Press. Foilsíodh ina dhiaidh sin é in *Curriculum Matters,* 2, 2006.

Rauber, M. (2007). *Non-cognitive skills and success in life: The importance of motivation and self-regulation.* https://pdfs.semanticscholar.org/daf8/0e2296329e5cdb39939d6b1d3f827812b3d2.pdf

Rosen, J., Glennie, E., Dalton, B., Lennon, J., & Bozick, R.N. (2010). *Non-cognitive skills in the classroom: New perspectives on educational research*. Research Triangle Park, NC: RTI Press. https://www.rti.org/rti-press-publication/noncognitive-skills-classroom.

Rychen, D.S., & Salganik, L.H. (Eagarthóirí.), (2003) *Key competencies for a successful life and a well-functioning society.* Gottingen, an Ghearmáin: Hogrefe & Huber.

Sinnema, C. (2011) Monitoring *and evaluating curriculum implementation: Final report of the implementation of the New Zealand curriculum 2008-2009*. Wellington: An Aireacht Oideachais

Smyth, E., S. McCoy & J. Banks (2019). *Student, teacher and parent perspectives on senior cycle education*, ESRI Research Series 94, Baile Átha Cliath: ITES https://doi.org/10.26504/rs94.pdf

Vosniadou, S. (2001). *How children learn*. An Ghinéiv: International Academy of Education/International Bureau of Education. http://unesdoc.unesco.org/images/0012/001254/125456e.pdf

**Suíomhanna gréasáin/ foinsí foilsithe d'ábhair churaclaim le haghaidh comparáidí idir dlínsí**

Tuaisceart Éireann About Thinking Skills and Personal Capabilities | CCSM

(PDF) Thinking Skills and Personal Capabilities Guidance Booklet for Key Stage 3 (ccea.org.uk)

An Nua-Shéalainn Key competencies / Kia ora - NZ Curriculum Online (tki.org.nz)

British Columbia Core Competencies | Building Student Success - B.C. Curriculum (gov.bc.ca)

An Phortaingéil Aireacht Oideachais na Portaingéile (2017) *Students' Profile by the End of Compulsory Schooling*

An Isíltír Curriculum NU. (2018) Broad *skills* (aistrithe ag baint úsáid as Google Translate)

An Bhreatain Bheag Curriculum for Wales Poster Pack - CSC (cscjes-cronfa.co.uk)

Ontario Transferable skills (gov.on.ca)